


An Biúró um Shócmhainní Coiriúla Tuarascáil Bhliantúil

[illegible]

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla
Cearnóg Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
Éire

Teil: +353 1 666 3266
Facs: +353 1 666 3296
Ríomhphost: info@cab.ie

Tá an tuarascáil seo ar fáil i mBéarla freisin.

© Cóipcheart: Rialtas na hÉireann.

Rinne Coiste Tuarascála Bliantúla an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla 2012 an tuarascáil seo a ullmhú agus a dhearadh.

Clár Ábhar

Clár Ábhar:	i
Litr ó Choimisinéir an Gharda Síochána lena gcuirtear an tuarascáil ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais:	v
Litr ó Phríomh-Oifigeach an Bhiúró lena gcuirtear an tuarascáil ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána:	vii
Brollach:	ix

Aon: Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar fhoireann an Bhiúró

An Biúró	1
Airgeadas	1
Cuspóirí agus feidhmeanna	1
Príomh-Oifigeach an Bhiúró	2
Comhlacht corpraithe	2
Oifigigh agus foireann an Bhiúró	3
Neamhainmníocht	4
Oifigeach Dlí an Bhiúró	4
Struchtúr an Bhiúró	4
Oifigeach an Phríomh-Aturnae Stáit	4
Próifíleoirí Rannacha	5

Dó: Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

Imscrúduithe	7
Alt 14	7
Alt 14A	8
Iarratais a rinneadh le linn 2012	8

Trí: Gníomhartha faoin Acht um Fháiltas ó Choireacht, 1996 agus 2005

Réamhrá	9
Súil siar ar Alt 2	10
Miondealú Luachála	11
Miondealú Geografach	11
Súil siar ar Alt 3	11
Maoín	13
Feithiclí	14
Alt 4 agus Alt 4A	14
Alt 7	15

Ceathar: Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

Feidhmeanna Cánach	17
Measúnuithe	17
Achomhairc	17
Cás1	18

Clár ábhar
(ar lean)

Cás 2	18
Cás 3	18
Cás 4	19
Éilimh.....	19
Bailiú Airgid	19
Táblaí cánach	20
Feidhmeanna Custaim agus Máil.....	22

Cuig: Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró

Coigilteas.....	25
Ró-íocaíochtaí	25
Aisghabháil	25
Achomhairc	26

Sé: Criminal Prosecutions arising from investigations of the Bureau

Réamhrá	29
Cionta a bhain le cáin	29
Cás 1	29
Cás 2	30
Cás 3	30
Cás 4	30
Cás 5	30
Cionta a bhain le leas sóisialach	30
Cás 6	30
Cás 7	30
Cionta a bhain le bagairtí agus le himeaglú	31
Cás 8	31
Cionta a bhain le héilliú	31
Cás 9	31

Seacht: Significant Court Judgements during 2012

Byrne -&- F [2012] IEHC 428	33
An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. John Kelly & TT [2013] IESC 2	35
CAB -&- Roger O'Grady	38

Ocht: Forbairtí Idirnáisiúnta

An Ghné Idirnáisiúnta	41
Oifig Aisghabhála Sócmhainní	41
Oibríochtaí Idirnáisiúnta	41
Europol	42
Interpol	42
CARIN	42
An caidreamh leis an Ríocht Aontaithe	43

Clár ábhar
(ar lean)

<i>An Chomhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann</i>	43
<i>An Grúpa um Breosla Trasteorann</i>	44
<i>An Grúpa um Mál Trasteorann</i>	44
Naoi: Conclúidí	47
Aguisín 1: Cuspóirí agus feidhmeanna	49

Clár ábhar
(ar lean)

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó]

Litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána lena gcuirtear an tuarascáil ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

A Aire, a chara,

I gcomhréir le téarmaí Alt 21 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla do 2012 a chur i do láthair.

Leagtar amach sa tuarascáil seo gníomhaíochtaí an Bhiúró le linn na bliana 2012, agus é ag iarraidh an tsainchúraim reachtúil atá air a chomhlíonadh. Mionsonraítear sa tuarascáil freisin na gníomhartha a rinne an Biúró faoin reachtaíocht um fháltais ó choireacht, faoin reachtaíocht ioncaim agus faoin reachtaíocht leasa shóisialaigh chun díriú go rathúil ar na fáltais amhrasta ó iompar coiriúil. Léirítear sa tuarascáil go bhfuil an Biúró fós mar chuid lárnach den fhreagairt d'iompar coiriúil in Éirinn ó thaobh fhorfheidhmiú an dlí de.


Tháinig méadú sa Bhiúró ar an líon cásanna a bhain le calaois agus le gadaíocht agus ar an líon gníomhartha a rinne an Biúró i leith sócmhainní a tháinig ón gcineál sin iompair choiriúil. Ina leith sin, baineann tábhacht leis an bhforbairt as ar eascair sainaithint cistí ónar féidir le híospartaigh choireachta a gcuid caillteanais a aisghabháil. Le linn na bliana 2012, d'éirigh leis an mBiúró díriú ar roinnt cásanna lena bhain calaois shuntasach in aghaidh an chórais leasa shóisialaigh. A bhuí leis sin, aisghabhadh ró-íocaíochtaí agus cuireadh cásanna faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí lena mbreithniú i leith ionchúisimh.

Ar bhonn idirnáisiúnta, leanann an Biúró le dul i mbun teagmhála agus, nuair is cuí, le himscrúduithe a dhéanamh le húdaráis um fhorfheidhmiú an dlí agus le húdaráis bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus an domhain agus iad ar lorg sócmhainní a tháinig ó iompar coiriúil.

Leanann an Biúró de bheith ina bhall gníomhach de Camden Asset Recovery Inter-Agency Network (CARIN) agus, ar mhaithe lena éifeachtaí atá sé ar leibhéal idirnáisiúnta agus é ina Oifig Aisghabhála Sócmhainní (OAS) ainmnithe d'Éirinn, baineann sé leas as na líonraí sin chun a chuid cuspóirí a bhaint amach.

Agus é ag féachaint lena chuid cuspóirí a bhaint amach, téann an Biúró i ndlúth-theagmháil leis an nGarda Síochána, le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis na gníomhaireachtaí uile um fhorfheidhmiú an dlí ar mhaithe le straitéis chomhtháite a fhorbairt trína ndíreofar ar shócmhainní agus ar bhrabús a thagann ó iompar coiriúil agus, go háirithe, ó choireacht eagraithe.

Is mise le meas,



MARTIN CALLINAN
COIMISINÉIR
AN GHARDA SÍOCHÁNA

Litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána lena gcuirtear an tuarascáil ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó]

Litir ó Phríomh-Oifigeach an Bhiúró lena gcuirtear an tuarascáil ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

A Choimisinéir, a chara,

Is cúis áthais dom an 17ú Tuarascáil Bhliantúil ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla don bhliain féilire 2012 a chur faoi do bhráid. Cuirtear an tuarascáil seo chugat le cur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, de bhun fhorálacha Alt 21 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996.

Athraíodh formáid na tuarascála ónar cuireadh i láthair i mblianta roimhe. Leagtar amach sa tuarascáil torthaí na hoibre ar thug an Biúró fúithi le linn na bliana agus é ag féachaint leis an sainchúram reachtúil atá air a bhaint amach. Is é sin, díriú ar na fáлтаis ó choireacht.

Le linn na bliana 2012, mar aon le dul i mbun imscrúduithe nua, lean an Biúró leis an bpolasaí atá aige cásanna faoin Acht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996, arna leasú, atá amuigh le seacht mbliana a dhiúscairt, faoi mar a fhoráiltear dó faoin Acht. Is é an toradh a bhí air sin ná gur cuireadh de bhreis ar €4.8 milliún ar aghaidh chuig an státchiste. Le linn na bliana, tugadh cúig imeacht déag nua os comhair na hArd-Chúirte faoin reachtaíocht um fháлтаis ó choireacht. Mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe, tionscnaíodh formhór na n-imeachtaí sin i leith fáлтаis a tháinig ó gháinneáil drugaí. Ina theannta sin, tionscnaíodh imeachtaí in aghaidh daoine a measadh a bheith páirteach i gcineálacha eile iompair choiriúil, cionta calaoise go háirithe. Anuas air sin, glacadh gníomhartha i leith daoine a bhí

páirteach sa trádáil neamhcheadaithe a bhaineann le sciúradh breosla ghóchumtha agus le smuigleáil toitíní góchumtha.

Sa mhullach air sin, chuir an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, agus leas á bhaint as forálacha cuí loncaim, de bhreis ar €1.9 milliún ar aghaidh chuig Príomh-Chiste an Státchiste. D'aisghabh sé de bhreis ar €393,797 freisin mar gheall ar ró-íocaíochtaí faoi fhorálacha Leasa Shóisialaigh.

Mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe, rinneadh straitéis an Bhiúró a chur i dtoll a chéile a mhéid agus ab fhéidir d'fhonn bheith ar aon dul le Pleananna Póilíneachta an Gharda Síochána agus le straitéisí na gCoimisinéirí loncaim agus na Roinne Coimirce Sóisialaí. Cé nach bhfuil baint phríomha ag an mBiúró le himscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla, is ann do thréanteagmháil le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, leis an nGarda Síochána agus leis na Coimisinéirí loncaim maidir lena chinntiú go gcuirtear na réitigh chuí i bhfeidhm i gcás iompar choiriúil. Leagtar amach sa tuarascáil seo an líon imscrúduithe coiriúla ar thug an Biúró fúthu le linn na bliana, agus bhí imeachtaí os comhair na gCúirteanna Cóiriúla mar thoradh ar roinnt díobh. Rinneadh Clár na bPróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla a leathnú agus a fhorbairt arís eile le linn na bliana 2012. Is é príomhaidhm na forbartha sin ná feabhas a chur ar a éifeachtaí atá an Biúró trí oiliúint a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí gaolmhara. Is é is aidhm leis an bhforbairt freisin ná a chinntiú go mbíonn ról ag an mBiúró i

Litr ó Phríomh-Oifigeach an Bhiúró lena gcuirtear an tuarascáil ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

ngach rannóg an Gharda Síochána.

Leanann an Biúró le forbairt a dhéanamh ar an gcuidreamh atá aige le Interpol, le Europol agus le Camden Assets Recovery Inter-Agency Network (CARIN). Ina theannta sin, leanann an Biúró le hionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ar leibhéal idirnáisiúnta trí na hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní sa Bhruiséil.

Mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe, leanann an Biúró le tacaíocht den scoth a fháil ó dhaoine den phobal. Mar fhianaise air sin, tá an dea-chaidreamh oibre atá againn le hInstitiúidí Airgeadais, le Comhlachtaí Cuntasaíochta agus le gníomhaireachtaí eile rialála sa tír agus an teagmháil dhíreach a bhíonn againn leis an bpobal. Ar an iomlán, is é príomhaidhm an Bhiúró díriú ar choirpigh eagraithe thromchúiseacha a bhíonn ag oibriú ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Léirítear an chroíthosaíocht sin sa bheartas atá ag an mBiúró tacú le hiarrachtaí dul i ngleic le hiompar coiriúil ar leibhéal an phobail áitiúil. Leanann Clár na bPróifíleoirí Rannacha ar aghaidh le ról tábhachtach a imirt san iarracht sin fáлтаis ó choireacht a shaothrú ar leibhéal áitiúil.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt go fíorbhuíoch don tacaíocht agus don chomhoibriú a thug na daoine seo a leanas don Bhiúró le linn na bliana: an Garda Síochána, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Airgeadais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe,

Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Ba mhian liom aitheantas ar leith a thabhairt freisin do shaineolas agus do dhúthracht na n-aturnaetha agus na foirne a chuir an Príomh-Aturnae Stáit ar fáil dúinn sa Bhiúró. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don méid a rinne Abhcóidí a bhí fostaithe ag an mBiúró.

Ba mhaith liom comhghairdeas a ghabháil leis an Uasal Declan O'Reilly faoina cheapachán amhail Oifigeach Dlí an Bhiúró le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil freisin leis an Uasal Frank Cassidy, iarOifigeach Dlí an Bhiúró, as a chuid dúthrachta agus oibre don Bhiúró le cúig bliana anuas. Thar ceann gach baill foirne den Bhiúró, guím gach rath ar an Uasal Cassidy ina shaol oibre amach anseo.

Ar deireadh, agus mé i mo Phríomh-Oifigeach ar an mBiúró, is mian liom aitheantas a thabhairt don ardleibhéal gairmiúlachta, dúthrachta agus tiomantais a léirigh gach Oifigeach agus ball foirne an Bhiúró, lena n-áirítear Oifigeach Dlí an Bhiúró, an pearsanra a tugadh ar iasacht dúinn ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ón nGarda Síochána, ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Is mise le meas,



EUGENE CORCORAN
ARD-CHEANNFORT
PRÍOMH-OIFIGEACH AN BHIÚRÓ

Brollach

Tuarascáil Alt 21

Is í seo an 17ú Tuarascáil Bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (dá ngairtear “an Biúró” anseo feasta) agus cuimsíonn sí an tréimhse idir an 1 Eanáir 2012 agus an 31 Nollaig 2012 agus an dá dháta sin san áireamh.

Rinneadh an tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996, agus an tAcht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996, a leasú roinnt uaireanta. Ba é an leasú ba shuntasáí díobh ná an tAcht um Fháлтаis ó Choireacht (Leasú), 2005.

Chun críche na tuarascála seo, tabharfar “an tAcht” ar an Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005, anseo feasta agus tabharfar “an tAcht um FC” ar an Acht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996 agus 2005, anseo feasta. Is é atá in Achtanna 1996, agus in Acht 2005, comhtheideal leasuithe lena rialaítear cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhiúró.

Cuireadh an tuarascáil seo i dtoll a chéile de bhun Alt 21 den Acht, lena gceanglaítear ar an mBiúró tuarascáil maidir lena chuid gníomhaíochtaí le linn na bliana 2012 a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, trí Choimisinéir an Gharda Síochána.

Brollach
Tuarascáil Alt 21

Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó]

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní

Coiriúla agus ar oifigigh agus ar fhoireann an Bhiúró

An Biúró

Cuireadh an Biúró ar bun go foirmiúil le hachtú an Achta an 15 Deireadh Fómhair 1996. Foráiltear san Acht don méid seo a leanas (i measc ábhair eile):

- cuspóirí an Bhiúró;
- feidhmeanna an Bhiúró;
- Príomh-Oifigeach an Bhiúró
- Oifigigh an Bhiúró;
- foireann an Bhiúró;
- Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- neamhainmníocht fhoireann an Bhiúró;
- cionta agus pionóis i dtaobh foireann an Bhiúró agus teaghlaigh fhoireann an Bhiúró a aithint;
- ofcionta agus pionóis i dtaobh cúrsaí a bhac agus i dtaobh imeaglaíthe;
- Barántais chuardaigh an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla; agus
- Orduithe soláthair an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Airgeadas

I gcaitheamh na bliana, chaith an Biúró airgead a chuir an tAire Dlí agus Cirt ar fáil dó tríd an Oireachtas chun go bhféadfadh sé a chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus a chuid cuspóirí reachtúla a bhaint amach.

Faoi mar a fhoráiltear dó le Reacht, is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste a dhéanann iniúchadh ar an airgead ar fad a chuireann an tOireachtas ar fáil, mar a leagtar amach i dTábla 1.

Ina theannta sin, déanann Rannóg Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh bliantúil neamhspleách ar nósanna imeachta agus ar phróisis an Bhiúró.

Cuntais do 2012

Cur Síos	Suim €	
	2011	2012
Pá	5,744,000	5,599,000
Caiteachas eile	929,000	811,000
lomlán	6,673,000	6,410,000

Cuspóirí agus feidhmeanna

Leagtar cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró amach in Alt 4 agus in Alt 5 faoi seach den Acht. Leagtar na cuspóirí agus na feidhmeanna reachtúla sin amach ina n-iomláine in aguisín 1. Is féidir iad a achoimriú mar seo a leanas:

1. ina fáltais ó iompar coiriúil a aithint agus a imscrúdú;
2. gníomhartha a dhéanamh faoin dlí chun na tairbhí a ghabhann le sócmhainní is fáltais ó iompar coiriúil a bhaint de dhaoine trí na sócmhainní sin a chalcadh, a chaomhnú agus a choigistiú;
3. gníomhartha a dhéanamh faoi na hAchtanna loncaim chun a chinntiú gur faoi réir cánach atá

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar fhoireann an Bhiúró

na fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil; agus

4. éilimh faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a imscrúdú agus a chinneadh.

gcás Murphy -v- Flood ([1999] IEHC 9).

Thug an Breitheamh Onórach McCracken breithiúnas na hArd-Chúirte an 1 Iúil 1999. Tá an breithiúnas sin antábhachtach maidir le nádúr an Bhiúró a thuiscint.

Príomh-Oifigeach an Bhiúró

Tá an Biúró faoi cheannas ag Príomh-Oifigeach an Bhiúró, arna cheapadh ag Coimisinéir an Gharda Síochána óna chuid comhaltaí a bhfuil céim Ceannfoirt acu. Is é Príomh-Oifigeach an Bhiúró faoi láthair ná an Bleachtaire Ard-Cheannfort Eugene Corcoran a chuaigh i mbun an phoist an 1 Meán Fómhair 2010.

Tá freagracht fhoriomlán ar Phríomh-Oifigeach an Bhiúró, faoi Alt 7 den Acht, as bainistíocht, as rialú agus as riarachán ginearálta an Bhiúró. Tá Príomh-Oifigeach an Bhiúró freagrach don Choimisinéir as feidhmíocht fheidhmeanna an Bhiúró.

Foráiltear san Alt seo freisin go gceapfar Príomh-Oifigeach Gníomhach an Bhiúró chun feidhmeanna Phríomh-Oifigeach an Bhiúró a chomhlíonadh i gcás aon éagumais de dheasca breoiteachta, neamhláithreachta nó aon chúise eile.

Comhlacht corpraithe

Is ann don Bhiúró mar chomhlacht corpraithe neamhspleách, faoi mar a fhoráiltear dó faoi Alt 3 den Acht. Rinne an Ard-Chúirt breithniú ar stádas an Bhiúró den chéad uair sa bhliain 1999 i

Ba é seo a leanas tuairim na Cúirte:

“Tá an Biúró um Shócmhainní Coiriúla ina chomhlacht corpraithe, agus síorchomharbas aige. In ainneoin nach mór Príomh-Oifigeach an Bhiúró a cheapadh ó chomhaltaí den Gharda Síochána a bhfuil céim Ceannfoirt acu, tá an Biúró um Shócmhainní Coiriúla neamhspleách ar an nGarda Síochána, cé go bhfuil cuid mhór de na cumhachtaí a thugtar don Gharda Síochána de ghnáth ag an mBiúró.

...

Cruthaíodh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla le Reacht, ní craobh de chuid an Gharda Síochána é. Chuir an tOireachtas ar bun é mar chomhlacht corpraithe chun a chinntiú nach mbainfeadh daoine tairbhe as aon sócmhainní a fhaigheann siad ó aon ghníomhaíocht choiriúil. Tá sé de chumhacht aige gach gníomh is gá a dhéanamh i leith sócmhainní a tháinig ó ghníomhaíocht choiriúil a urghabháil agus a ghnóthú agus tugtar cumhachtaí áirithe dó a chinntiú gur faoi réir cánach atá na fáltais ó ghníomhaíocht den sórt sin. Tá cumhachtaí áirithe aige freisin faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh. Mar sin féin, ní comhlacht ionchúisimh ná údarás póilíneachta é. Údarás

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar fhoireann an Bhiúró

imscrúdaithe is ea. Tar éis dó imscrúdú a dhéanamh agus na cumhachtaí suntasacha imscrúdaithe atá aige a fheidhmiú, déanann sé iarratas chuig an gCúirt chun cúnamh a fháil maidir lena chuid feidhmeanna a fhorfheidhmiú.

Is soiléir gur chreid an tOireachtas, agus an Biúró um Shócmhainní Coiriúla á chur ar bun aige, gur ghá chun leas an phobail é comhlacht a bheadh neamhspleách ar an nGarda Síochána agus a ghníomhódh ar bhealach imscrúdaitheach a bhunú. Mar sin féin, níl den tuairim gurb ionann é agus an Garda Síochána, rud a dhéanann imscrúdú d'fhonn daoine a ionchúiseamh i gcionta. Déanann an Biúró um Shócmhainní Coiriúla imscrúdú d'fhonn sócmhainní a fuarthas ó ghníomhaíochtaí coiriúla a ghnóthú agus na sócmhainní sin a thabhairt ar aghaidh don Stát."

Oifigigh agus foireann an Bhiúró

Foráiltear in Alt 8 den Acht d'Oifigigh an Bhiúró a cheapadh. Ceaptar baill foirne an Bhiúró faoi Alt 9 den Acht.

Is iad seo a leanas Oifigigh an Bhiúró:

- A. baill den Gharda Síochána;
- B. oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim; agus
- C. oifigigh na Roinne Coimirce Sóisialaí;

daoine atá ar iasacht óna gcuid máthairghníomhaireachtaí.

Leibhéil údaraithe ilghníomhaireachta

	37
	5
	16
	12

Tá foireann an Bhiúró comhdhéanta de na daoine seo a leanas:

- I. Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- II. baill ghairmiúla foirne an Bhiúró; agus
- III. Baill foirne riaracháin agus teicniúla an Bhiúró.

Leantar le cumhachtaí agus dualgas a dhílsiú d'Oifigigh an Bhiúró d'ainneoin a

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar fhoireann an Bhiúró

gcuid ceapacháin mar Oifigigh Bhiúró.

Ag deireadh na bliana 2012, bhí 70 duine, oifigigh agus baill foirne ina measc (lena n-áirítear oifigeach amháin a bhí ar iasacht shealadach le Síochánaíocht na Náisiún Aontaithe), fostaithe ag an mBiúró.

Neamhainmníocht

ID'fhonn sábháilteacht Oifigigh agus bhaill foirne áirithe an Bhiúró a chinntiú, leagtar neamhainmníocht do na baill sin amach faoi Alt 10 den Acht. Faoi Alt sin, comhlíonann oifigigh agus baill foirne an Bhiúró a gcuid dualgas in ainm an Bhiúró.

Foráiltear in Alt 11 den Acht gur cion coiriúil é Oifigigh, baill foirne agus teaghlaigh bhaill foirne an Bhiúró a aithint.

Ní chuirtear na daoine seo a leanas san áireamh faoin gcosc sin: Príomh-Oifigeach an Bhiúró, Príomh-Oifigeach Gníomhach an Bhiúró, Oifigeach Dlí an Bhiúró agus Oifigigh Bhiúró is comhaltaí den Gharda Síochána.

Oifigeach Dlí an Bhiúró

I Meitheamh na bliana 2012, cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, le toiliú ón Aire Airgeadais agus ón Ard-Aighne, an tUasal Declan O'Reilly mar Oifigeach Dlí an Bhiúró.

Ghlac an tUasal O'Reilly áit an Uasail

Francis H. Cassidy agus gabhann an Biúró a chomhbhuíochas leis an Uasal Cassidy as an tseirbhís a thug sé don Bhiúró le blianta fada.

Tuairiscíonn Oifigeach Dlí an Bhiúró go díreach do Phríomh-Oifigeach an Bhiúró, agus tá sé de dhualgas air faoi Alt 9 den Acht cabhrú leis an mBiúró a chuid cuspóirí agus feidhmeanna a bhaint amach.

Struchtúr an Bhiúró

Tá scileanna éagsúla ag foireann ilghníomhaireachta an Bhiúró agus cuireann sé sin leis an gcumas imscrúdaitheach atá aige sainchúram reachtúil an Bhiúró a bhaint amach. Is féidir é sin a dhéanamh faoi Alt 5 den Acht, áit a mionsonraítear feidhmeanna an Bhiúró.

Oifigeach an Phríomh-Aturnae Stáit

Déanann Rannóg na Sócmhainní Coiriúla in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (dá ngairtear 'an OPAS' anseo feasta) ionadaíocht don Bhiúró sa Chúirt le cúnamh ón abhcóide. Gníomhaíonn an OPAS ar son an Bhiúró i ngach ábhar san Ard-Chúirt a thionscnaíonn an Biúró faoin Acht um FC, déanann sí ionadaíocht don Bhiúró sa Chúirt Uachtarach, déanann sí ionadaíocht i ngach cás a bhaineann le cúrsaí cánach agus leasa shóisialaigh os comhair comhlachtaí achomhairc agus na Cúirte Cuarda, agus déanann sé na hiarratais is gá chuig an gCúirt Dúiche.

Tá foireann an OPAS comhdhéanta de na daoine seo a leanas:

- 1 aturnae;
- 2 fheidhmeannach dlí; agus
- 2 oifigeach cléireachais.

Shócmhainní Coiriúla próifílí ar choirpigh atá gníomhach laistigh dá gcuid limistéir oibriúcháin agus tarchuireann siad na próifílí sin chuig an mBiúró lena mbreithniú le haghaidh gníomhaíochta de bhun shainchúram reachtúil an Bhiúró.

Tá folúntas neamhlíonta d'aturnae amháin ag an OPAS ón mbliain 2009 ar aghaidh.

Próifíleoirí Rannacha

Lean Clár na bPróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla de bheith ag feidhmiú le linn na bliana 2012. Reáchtáladh cúrsa oiliúna, rud a chuir oiliúint ar 55 Próifíleoir eile. Tá 199 Próifíleoir Rannach um Shócmhainní Coiriúla atá oilte sa dlínse seo faoi láthair.


I measc na bpróifíleoirí sin, tá

- 176 Garda;
- 19 Oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim atá i mbun dualgais Chustaim agus Máil; agus
- 4 Oifigeach de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Is é ról na bPróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla ná dul i dteagmháil agus cabhrú leis an mBiúró le linn imscrúduithe laistigh dá gcuid Rannóg agus Limistéir Gharda. Lena chois sin, ullmhaíonn Próifíleoirí Rannacha um

Cuid a hAon
Forbheathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar fhoireann an Bhiúró

Léaráid: Eagrú an Bhiúró



Cuid a Dó

Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

Imscrúduithe

Le linn na bliana 2012, lean Oifig Bhiúró leis na cumhachtaí agus leis na dualgais a dílsíodh dóibh faoi Alt 8 den Acht a úsáid agus a fheidhmiú.

Dílsítear san alt sin d'Oifig Bhiúró na dualgais agus na cumhachtaí a mbronntar orthu de bhun iad a bheith ina mbaill dá gcuid máthaireagraíochtaí faoi seach.

Mar aon leis na cumhachtaí sin, tá cumhachtaí ar leith ar fáil don Bhiúró, mar shampla:

1. Barántais chuardaigh an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla; agus
2. Orduithe chun ábhar a chur ar fáil don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Tá na cumhachtaí sin in Alt 14 agus in Alt 14(A) den Acht agus den Acht um FC faoi seach.

I mórán cásanna, thug an Biúró faoina chuid imscrúduithe sa bhliain 2012 le comhar agus le cúnamh phearsanra an Gharda Síochána ó Rannóga an Gharda Síochána agus ó aonaid náisiúnta cosúil leo seo a leanas: Biúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise (BGSIC), Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána (ANDGS), an Biúró Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil (BNIC), an tAonad Speisialta Bleachtaireachta (ASB) agus an Rannóg Slándála agus Faisnéise,

Ceanncheathrú an Gharda Síochána.

I gcuid mhór de na himscrúduithe sin, fuarthas tacaíocht ó phearsanra na gCoimisinéirí loncaim ó gach ceann de na réigiúin seo a leanas: Réigiún Bhaile Átha Cliath (Calafort agus Aerfort); Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair; Réigiún an Iardheiscirt agus an Oirthir agus Réigiún an Oirdheiscirt. Fuarthas tacaíocht ón Rannóg Imscrúduithe agus Ionchúiseamh freisin.

Chomh maith leis sin, chomhoibrigh an Biúró le hAonad Imscrúdaithe Speisialta na Roinne Coimirce Sóisialaí i ndáil lena chuid imscrúduithe sa bhliain 2012.

Bhí an cúnamh a fuarthas rithábachtach maidir leis an rath a baineadh amach ó thaobh a bheith ag díriú ar na fáiltais ó iompar coiriúil le linn na bliana 2012.

Alt 14

Foráiltear in Alt 14 den Acht do bharántais chuardaigh an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Foráiltear in Alt 14(1) gur féidir le hOifigeach Biúró is comhalta den Gharda Síochána iarratais a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche chun barántas a fháil cuardach i gcomhair fianaise a bhaineann le sócmhainní nó le fáiltais a tháinig ó iompar coiriúil.

Foráiltear in Alt 14(2) agus in Alt 14(3) do bharántas cuardaigh den chineál céanna i gcúinsí práinne. Sa chás sin, in ionad

Cuid a Dó

Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche, is é comhalta den Gharda Síochána, nach ísle céim ná Ceannfort, a eisióinn an barántas.

I gcaitheamh na bliana 2012, ba chuig an gCúirt Dúiche a rinneadh gach iarratas faoi Alt 14 agus níor eisíodh aon bharántais ar bith de bhun Alt 14(2).

Is é atá i gceist le barántas cuardaigh Alt 14 ná go dtugtar cead d'Oifigeach ainmnithe Biúró, is comhalta den Gharda Síochána, ábhar sa láthair ainmnithe a chuardach, a urghabháil agus a choinneáil, in éineacht le cibé daoine eile a mheasann an t-oifigeach biúró sin is gá.

Baineann tábhacht leis sin toisc go dtugann sé cead don chomhalta den Gharda Síochána a bheith in éineacht le daoine atá cáilithe go teicniúil agus go gairmiúil a thabharfaidh cúnamh dó/di le linn an chuardaigh.

Alt 14A

Cuireadh Alt 14A isteach leis an Acht um FC agus foráiltear ann gur féidir le hOifigeach Biúró is comhalta den Gharda Síochána iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche chun ordú a fháil lena

dtreoraítear duine ainmnithe ábhar a chur ar fáil don Oifigeach ón mBiúró.

Iarratais a rinneadh le linn 2012

Le linn na bliana 2012, rinneadh an líon iarratas seo a leanas faoi Alt 14 agus faoi Alt 14(A) den Acht agus den Acht um FC faoi seach.

Iarratais faoi Alt 14 agus faoi Alt 14A den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

Cur Síos	Líon	
	2011	2012
Barántais chuardaigh faoi Alt 14 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005	85	103
Orduithe chun ábhar a chur ar fáil faoi Alt 14A den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005	237	108

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996 agus 2005

Réamhrá

Foráiltear san Acht um FC do mheicníocht faoinar féidir leis an mBiúró iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun duine / aonáin a chalcadh nó a shrianadh i dtaca le sócmhainn ar leith.

Ina theannta sin, tugtar cead don Ard-Chúirt cinneadh a dhéanamh, agus an dualgas cruthúnais uirthi, ar cé acu a tháinig nó nár tháinig an tsócmhainn, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil.

Leasaíodh an tAcht um FC sa bhliain 2005 chun go bhféadfaí na himeachtaí a thabhairt in ainm an Bhiúró in ionad ainm Phríomh-Oifigeach an Bhiúró. Is in ainm an Bhiúró a rinneadh gach iarratas an Bhiúró ó shin i leith.

Ag tús na himeachtaí Cúirte, tugann na daoine seo a leanas mionnscribhinní faoi mhionn: comhaltaí den Gharda Síochána, Oifigigh eile an Bhiúró agus, i gcásanna ábhartha, baill foirne ó ghníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí i ndlínsí eile.

Foráiltear in Alt 2 den Acht um FC nach mór an t-iarratas a dhéanamh ar bhonn ex-parte. Ciallaíonn sé sin go ndéanann an Biúró an t-iarratas d'éagmais aon duine eile os comhair na hArd-Chúirte. Maireann ordú faoi Alt 2 21 lá mura ndéantar iarratas faoi Alt 3 den Acht um FC.

Cuireadh tús le himeachtaí Alt 3 i ngach cás ina ndearnadh ordú faoi Alt 2(1) sa bhliain 2012. Tugtar cead in Alt 3 sócmhainní a chalcadh ar bhonn fadtéarma.

Cé go gcuirtear tús le cásanna faoi Alt 3 laistigh de 21 lá ó Ordú faoi Alt 2 a dhéanamh, is féidir go rachaidh méid suntasach ama thart go dtí go n-éistfear an cás faoi Alt 3 os comhair na Cúirte. Éistear éisteachtaí faoi Alt 3 agus an freagróir i láthair. Le linn na n-éisteachtaí, is féidir leis an bhfreagróir agóid in aghaidh an cháis atá á chur ar aghaidh i ndáil leis an maoin atá i gceist.

I gcásanna nach mbíonn acmhainní leordhóthanacha ag an bhfreagróir íoc as ionadaíocht dlí, is féidir leis an bhfreagróir iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt chun cúnamh dlí a fháil faoin Scéim Ad Hoc um Chúnamh Dlí atá á riar ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla. Cinntíonn sé sin go ndéanfar ionadaíocht do chearta an fhreagróra ina n-iomláine agus de réir na gcaighdeán is airde.

Má thaispeántar chun sástacht na hArd-Chúirte le linn éisteachta faoi Alt 3 gur tháinig an tsócmhainn, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil, déanfaidh an Ard-Chúirt ordú lena ndéanfar an tsócmhainn sin a chalcadh agus a chaomhnú. Maireann an t-ordú sin seacht mbliana ar a laghad. Le linn na tréimhse sin, is féidir leis an bhfreagróir nó le haon pháirtí leasmhar eile iarratas a dhéanamh chun an tsócmhainn a fháil ar ais.

Cuid a Trí


Gníomhartha faoin Acht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996 agus 2005

Tar éis éag don tréimhse seacht mbliana, is féidir leis an mBiúró tús a chur le himeachtaí ansin chun an tsócmhainn a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó chuig aon duine eile den sórt sin de réir mar a chinneann an Chúirt faoi Alt 4 den Acht. Le linn na n-imeachtaí sin, tugtar fógra arís do gach páirtí leasmhar agus is féidir leo iarratais a dhéanamh chuig an gCúirt.

Sa chás nach bhfuil an tréimhse seacht mbliana in éag, is féidir ordú toilithe diúscartha faoi Alt 4A den Acht a chur i gcrích le toiliú ón bhfreagróir agus ón gCúirt.

Súil siar ar Alt 2

Tugadh cúig chás déag nua os comhair na hArd-Chúirte le linn na bliana 2012. I gcomparáid leis an bhfigiúr sin, tugadh sé chás nua sa bhliain 2011.




Mar aon leis an méadú ar an líon cásanna a thionscain an Biúró sa bhliain 2012, tháinig méadú freisin ar an líon

sócmhainní aonair ar díriodh orthu ó shé shócmhainn is fiche go seacht sócmhainn is daichead. Is gá imscrúdú a dhéanamh ar gach sócmhainn aonair chun gur féidir a thaispeáint gur tháinig sí, go díreach nó go hindíreach, ó choireacht.

Dá réir sin, cé go raibh sócmhainní áirithe faoi réir imeachtaí Ard-Chúirte sa bhliain 2012, ba roimh an mbliain 2012 a cuireadh tús leis an bpróiseas imscrúdaithe as ar tháinig na himeachtaí cúirte i gcás cuid de na sócmhainní sin.

Ba mhór idir na cineálacha sócmhainní a ndearnadh Orduithe faoi Alt 2(1) ina leith. Chun críocha próifílithe, miondealaítear na sócmhainní mar seo a leanas: seodra, maoin, feithiclí agus airgead/airgeadas.

Léirítear sa tábla miondealaithe sócmhainní go raibh laghdú ar an líon orduithe airgid/airgeadais le linn na bliana 2012 i gcomparáid leis na figiúirí do 2011. Léirítear sa mhiondealú go raibh méadú ar an líon cineálacha eile sócmhainní a calcadh.



Cuid a Trí


Gníomhartha faoin Acht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996 agus 2005

Tugann an Biúró dá aire, go háirithe, méaduithe suntasacha ar an líon fáлтаis ó iompar coiriúil a bhí á dtiontú ina seodra agus ina bhfeithiclí a aithníodh.

Anailís ar orduithe faoi Alt 2 de réir cineál sócmhainne

Cur Síos	€
Seodra	49,363.00
Maoín	576,950.00
Feithiclí	291,502.00
Airgead/Airgeadas	1,192,519.78
Iomlán	2,110,334.78

Sócmhainní a ndearnadh Orduithe faoi Alt 2(1) ina leith



Tá na figiúirí bunaithe ar an luach réamh-mheasta a chur an Biúró ar an tsócmhainn nuair a bhí an t-iaratas á dhéanamh aige faoi Alt 2(1) den Acht um FC.

Miondealú Geografach

Is é sainchúram an Bhiúró ná fáлтаis ó chásanna coireachta a imscrúdú beag beann ar láthair na sócmhainní sin.

Is féidir an treocht sin a léiriú trí uaireadóirí ardluacha a úsáid mar shampla den ghníomhaíocht sa bhliain 2012. D'urghabh an Biúró 5 uaireadóir de chuid Rolex, 1 uaireadóir de chuid Breitling agus 1 uaireadóir de chuid Chanel faoi Alt 2 den Acht um FC, 1996.

Le linn na bliana 2012, fuair an Biúró orduithe a bhain le sócmhainní is fáлтаis ó choireacht i ngach ceann de na mórcheantair uirbeacha amhail Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge. Tugadh faoi chásanna freisin i gceantair thuaithe amhail Maigh Eo, Ros Comáin, Ceatharlach, Cill Chainnigh agus Lú.

Miondealú Luachála

B'ionann luach na seacht sócmhainn is daichead a calcadh faoi Alt 2 den Acht um FC le linn na bliana 2012 agus €2,110,334.78. Is féidir an figiúr sin a mhiondealú sa tábla thíos.

Is é an rud is tábhachtaí ina leith sin ná go bhfuil an Biúró fós tiomanta do bheith ag díriú go gníomhach ar shócmhainní is fáлтаis ó iompar coiriúil, is cuma cén áit a bhfuil siad suite.

Súil siar ar Alt 3

Déantar Orduithe faoi Alt 3(1) ag


Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháлтаis ó Choireacht, 1996 agus 2005

deireadh na héisteachta ar cé acu is fáлтаs ó iompar coiriúil í sócmhainn nó nach ea. Mar sin, níl aon neart ag an mBiúró ar dháta ná ar ré na héisteachta ar an gceist.

Chiontaigh Cúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath an freagróir i gcúisimh shamplacha a bhain le gadaíocht, le hionstraim bhréagach a dhéanamh agus le brionnú idir Deireadh Fómhair 2007 agus Feabhra 2010.

An líon cásanna ina ndearnadh Orduithe faoi Alt 3(1) ina leith



Thaispeáin an fhianaise go raibh an freagróir páirteach i scéim chalaoiseach, ar a dtugtar “scéim Ponzi” de ghnáth, trínar thug sé tús eolais d’infheisteoirí ar scéim infheistíochta nárbh ann di. Bhí an Biúró in ann imscrúdú fóiréinseach a dhéanamh, cuntais bhainc ina raibh airgead na n-íospartach a aithint agus an t-airgead sin a chalcadh i dtús báire faoi Alt 2 agus ina dhiaidh sin faoi Alt 3. I gcás a bhaineann le fáлтаis ó choireacht, déantar an t-airgead sin a chalcadh agus a aistriú chuig an Stát tar éis tréimhse seacht mbliana de ghnáth.

An líon cásanna ina ndearnadh Orduithe faoi Alt 3(1) ina leith

Rinneadh deich n-ordú dar luach iomlán €2,017,512.54 de bhun Alt 3(1) den Acht um FC. Mar aon leis na horduithe a rinneadh faoi Alt 3(1) lenar calcadh airgead, rinneadh roinnt orduithe faoi Alt 3(3) den Acht um FC lenar thug an Biúró airgead arbh fhiú €741,552.06 é ar ais d’íospartaigh na coireachta faoi threoir na hArd-Chúirte.

Cás den sórt sin ba ea An Biúró um Shócmhainní Coiriúla –v- Éamon Kelly (Uimh. Thaifid na hArd-Chúirte 2012/001/CAB) sa bhliain 2012.


Sa chás seo, áfach, bhí imscrúduithe an Bhiúró an-chríochnúil agus bhíodhas in ann íospartaigh ar leith a aithint dá bharr. Mhol an Ard-Chúirt a lán gnéithe den imscrúdú sin, go háirithe an dóigh a ndearnadh an cleachtadh rianaithe. Tugadh faoin gcleachtadh sin ar bhealach a bhí éifeachtúil ó thaobh costais de. Mar thoradh air sin, seachnaíodh costais a d’fhéadfaí a ghearradh ar íospartaigh agus réitigh eile á lorg acu.

Tá an Biúró tiomanta don cheist a éisteacht ar bhealach atá tapa agus éifeachtúil ó thaobh costais de, ach is eol dó nach mór cearta na ndaoine atá ag éileamh úinéireacht dhlisteanach na sócmhainne a chosaint agus nach mór

gach deis a chur ar fáil don duine sin lánchuntas a thabhairt chun cibé cearta atá ag an duine sin sa tsócmhainn a chosaint.

feitheamh iarratais agus ordaithe faoi Alt 4. Is é an dáta is luaithe ar féidir tús a chur leis an bpróiseas sin air ná Eanáir 2018.

Sócmhainní a ndearnadh Orduithe faoi Alt 3(1) ina leith



Is eol don Bhiúró na mórghrúna airgeadais atá ar an airgeadas poiblí agus, dá réir sin, leanann an Biúró le horduithe costais a lorg agus le hiarrachtaí a dhéanamh na costais sin a aisghabháil ón bhfreagróir i gcásanna rathúla.

Sa bhliain 2011, fuair an Biúró ordú calctha faoi Alt 3 den Acht sa chás *An Biúró um Shócmhainní Coiriúla –v- Routeback Media AB* (Uimh. Thaifid na hArd-Chúirte 2009/002/CAB) maidir le suim de thart ar US\$700,000. Tá an t-airgead sin fós calctha i gcuntas bainc ar

D'éirigh leis an mBiúró ordú costais a fháil le linn na n-imeachtaí. Bhronn an Máistir Fómhais suim €44,897 i leith chostais dlí an Bhiúró agus an chás sin á leanúint aige agus, i mí an Mhárta 2012, d'ordaigh an Ard-Chúirt go n-íocfaí an tsuim sin ón airgead a calcadh, rud a thabharfadh deis don Stát a chostais dlí a fhorchúiteamh.

Ba é sin an chéad iarratas den chineál sin a rinneadh i gcás a bhain le fáltais ó choireacht faoi Alt 3(3A), rud a tugadh isteach ar dtús leis an Acht Leasaithe sa bhliain 2005. Comhlíonann a leithéid cur chuige dhá fheidhm, is iad sin, costais a fhorchúiteamh go díreach agus costais a theorannú. Mar an gcéanna, cuireann sé drochmhisneach ar fhreagróirí iarratais dhiomailteacha a dhéanamh chuig an gCúirt.

Maoín

Le blianta beaga anuas, tá mórlaghdú tar éis teacht ar luach maoine atá faighte ag an Ard-Chúirt a bheith mar thoradh ar iompar coiriúil. Maidir le cásanna a bhaineann le cionta calaoise morgáiste, díríonn an Biúró ar chásanna inar ghlac an páirtí a bhfuil an mhaoin ina sheilbh aige páirt i gcoireacht thromchúiseach. Ina theannta sin, tugtar aird ar chásanna ina n-úsáidtear aisiocáíochtaí morgáiste chun na fáltais ó iompar coiriúil a

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fáltais ó Choireacht, 1996 agus 2005

sciúradh. Tá méadú tagtha le blianta beaga anuas ar an gcineál sin sciúrtha airgid, rud a úsáideann cistí a tháinig ó iompar coiriúil chun morgáistí nó cineálacha eile iasachta a aisíoc.

I gcás daoine atá páirteach i gcoireacht eagraithe thromchúiseach, tá sé mar aidhm ag an mBiúró a chinntiú nach mbaineann na daoine sin tairbhe as a leithéid coireachta.

Ní oibríonn an Biúró ar an mbonn sin, áfach. Ina ionad sin, oibríonn siad ar an mbonn nach mór maoín a bhaint díobh siúd a bhfuil an mhaoín ina seilbh acu sa chás go dtaispeántar gur fáltais ó iompar coiriúil í an mhaoín.

Thacaigh an Chúirt Uachtarach leis an dearcadh sin sa bhliain 2012 sa chás An Biúró um Shócmhainní Coiriúla –v- John Kelly agus TT (Uimhir Achomhairc 364/2007) (féach Cuid 7 le haghaidh tuilleadh sonraí faoin gcás sin).

Le linn na bliana 2012, lean an Biúró ar aghaidh le dul ar lorg maoine, fiú amháin i gcásanna ina raibh an mhaoín i gcothromas diúltach. Cinntíonn sé sin nach mbainfidh na daoine sin atá páirteach i gcoireacht eagraithe thromchúiseach tairbhe as a bheith in ann fanacht sa mhaoín.

Feithiclí

Leanann an Biúró le tabhairt faoi deara an spéis i bhfeithiclí ardluacha a bhíonn

acu siúd a ghlacann páirt i gcoireacht eagraithe thromchúiseach.

Tá siad seo a leanas i measc na gcineálacha feithiclí a d'urghabh an Biúró faoi Alt 2(1) den Acht um FC le linn na bliana 2012:

1. Gluaisrothair shaincheaptha;
2. Héileacaptar de chuid Robinson; agus
3. Feithiclí ardghradaim, feithicil de chuid Ferrari ina measc

Alt 4 agus Alt 4A

Foráiltear in Alt 4 do mhaoín a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Baineann an tAlt sin le sócmhainní atá measta, ar feadh tréimhse nach lú ná seacht mbliana, a bheith mar thoradh ar iompar coiriúil agus nach bhfuil aon éileamh bailí faoi Alt 3(3) den Acht um FC déanta ina leith.

Foráiltear in Alt 4A gur féidir leis an bhfreagróir i gcás de chuid an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla ordú toilithe diúscartha a dhéanamh, lena gceadófar aistriú na maoine chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtréimhse atá níos lú ná seacht mbliana.

Le linn na bliana 2012, aistríodh airgead arbh fhiú €4,850,540.17 é chuig an Aire faoin Acht um FC faoi Alt 4 agus faoi Alt 4A.

Ina theannta sin, dhiúltaigh an Chúirt Uachtarach, an 9 Samhain 2012, do bhac a chur ar thailte i Muclon, an Bóthar Buí, Contae Chill Dara, agus ar mhaoín eile, a aistriú chuig an Aire. Bhí na sócmhainní sin faoi réir dlíthíocht fhairsing idir an Biúró agus an tUasal John Gilligan agus an teaghlach. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an tAire na tailte sin a dhíol ar deireadh.

Alt 7

Foráiltear in Alt 7 gur féidir leis an gCúirt Glacadóir a cheapadh. Áirítear leis na dualgais atá air luach na maoine a chaomhnú nó an mhaoín a dhiúscairt sa chás go bhfuil an mhaoín sin calctha cheana féin faoi Orduithe faoi Alt 2 agus faoi Alt 3.

Sa bhliain 2012, fuair an Biúró orduithe glacadóireachta i ndáil le hocht sócmhainn is daichead. I ngach cás, ba é Oifigeach Dlí an Bhiúró an glacadóir a cheap an Chúirt. Is é a bhí i gceist leis na cásanna sin ná maoín, airgead tirim, airgead i gcuntais bhainc agus mótarfheithiclí. I roinnt cásanna glacadóireachta, rinne an Ard-Chúirt Orduithe le haghaidh sealbhú agus díol ag an nglacadóir. Ní féidir Ordú Glacadóireachta a dhéanamh ach amháin sa chás go bhfuil Ordú faoi Alt 2 nó faoi Alt 3 i bhfeidhm cheana féin.

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháiltais ó Choireacht, 1996 agus 2005

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó]

Cuid a Ceathair

Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

Is é an ról atá ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró a bhfuil baint acu leis an mBiúró ná dualgais a chomhlíonadh de réir na nAchtanna agus na Rialachán Ioncaim go léir chun a chinntiú gur faoi réir cánach atá na fáiltais ó choireacht nó ó choireacht amhrasta. Is é atá i gceist leis sin ná an fhaisnéis ar fad atá ar fáil a bhailiú ó ghníomhaireachtaí eile a oibríonn sa Bhiúró agus ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim araon trí leas a bhaint as an Acht um Nochtadh Faisnéise Áirithe chun Críocha Cánach agus Eile, 1996.

Feidhmeanna Cánach

Is é seo a leanas an fhaisnéis is déanaí ar na cásanna cánach ar cuireadh tús leo roimh an mbliain 2012. Tugtar mionsonraí ar stádas reatha na gcásanna ar cuireadh tús leo le linn na bliana 2012 freisin.

Measúnuithe

Tugtar de chumhacht d'Oifigigh Ioncaim an Bhiúró measúnuithe a dhéanamh i leith cánach faoi Alt 58 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (dá ngairtear 'ACC 1997' anseo feasta) - an chuid a bhaineann le muirir.

Mar chuid de gach imscrúdú an Bhiúró, déanfaidh Oifigeach Ioncaim an Bhiúró imscrúdú ar staid chánach gach duine atá nasctha leis an imscrúdú d'fhonn dliteanas cánach na ndaoine sin a mheasúnú, nuair is cuí. Ní ionann méid agus castacht do gach imscrúdú.

Le linn na bliana 2012, measúnaíodh ocht ngrúpa is fiche san iomlán i leith cánach, daoine aonair agus aonáin ina measc, rud as ar tháinig figiúr iomlán €8.986m.

Cáin a gearradh de réir measúnaithe

Cineál cánach	Suim a measún-aíodh €	An líon cásanna a measún-aíodh	An líon measún-uithe
Cáin Ioncaim	3,347,552	20	144
CBL	2,119,292	4	6
CGC	19,377	1	1
Dleachtanna Máil	3,500,587	3	3
Iomlán	8,986,808	28	154

Achomhairc

Déanann Oifigigh Ioncaim an Bhiúró bainistiú ar achomhairc chánach freisin, agus iad ag cinntiú go gcuirtear an próiseas achomhairc i bhfeidhm ina iomláine de réir na nAchtanna, na Nósanna Imeachta agus na Rialachán Ioncaim. Baineann sé sin le hachomhairc a éistear ar gach leibhéal – an Coimisinéir Achomhairc, an Chúirt Chuarda agus cásanna san Ard-Chúirt.

De réir Alt 933(1)(a) de ACC 1997, beidh aon duine a bhfuil measúnú i leith cánach á dhéanamh air, faoi réir coinníollacha sonracha, i dteideal achomhairc a dhéanamh chuig an gCoimisinéir Achomhairc maidir le haon mheasúnú den sórt sin.

Sa chás nach n-agraítear achomhairc i

Cuid a Ceathair

Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

gceart, diúltófar an t-iaratas ar a leithéid achomhairc de réir Alt 933(1)(b) de ACC 1997. Sa chás gur diúltaíodh d'iaratas, is féidir leis an achomharcóir an diúltú sin a achomharc chuig na Coimisinéirí Achomhairc de réir Alt 933(1)(c) de ACC 1997.

Le linn na bliana 2012, diúltaíodh d'iaratas amháin ar achomharc chuig an gCoimisinéir Achomhairc in aghaidh measúnuithe cánach ioncaim i gcás duine amháin. Agus an t-achomharc á dhéanamh aige, theip ar an duine forálacha Alt 957(2)(a)(II) de ACC 1997, a chomhlíonadh.

Amhail 1 Eanáir 2012, bhí achomhairc i ndáil le seisear ag feitheamh le héisteacht ag an gCoimisinéir Achomhairc. Le linn na bliana 2012, tarraingíodh ceithre cinn de na hachomhairc sin siar agus bhí an dá cheann eile ag feitheamh le dáta éisteachta.

Le linn na bliana 2012, rinne cúigear achomhairc a agairt i gceart in aghaidh measúnuithe. Amhail 31 Nollaig 2012, bhíodhas ag feitheamh le dátaí ar a n-éistfidh an Coimisinéir Achomhairc seacht n-achomharc san iomlán. De réir Alt 942 de ACC 1997, is féidir le haon duine arb éagóir leis cinneadh an Choimisinéara Achomhairc a iarraidh go n-éistfear breitheamh den Chúirt Chuarda an t-achomharc. Amhail 1 Eanáir 2012, bhí achomhairc i ndáil le cúigear ag feitheamh le héisteacht ag an mBreitheamh den Chúirt Chuarda (BCC).

B'ionann na cásanna sin agus cásanna ina ndearna an Coimisinéir Achomhairc cinneadh i bhfabhar an Bhiúró roimhe sin agus inar bhain an duine leas as an gceart a bhí aige/aici chun an cheist a bheith athéiste ag an mBreitheamh den Chúirt Chuarda.

I gcás na ceithre achomharc a éisteadh, sheas an Breitheamh den Chúirt Chuarda le cinneadh an Choimisinéara Achomhairc. Tugtar sonraí gairide ar gach ceann de na cásanna sin thíos:

Cás 1:

Ag an éisteacht achomhairc, theip ar an achomharcóir aon fhianaise a thabhairt chun tacú leis an achomharc.

Toradh: Deimhníodh an measúnú.

Cás 2:

Sa chás seo, theip ar an achomharcóir bheith i láthair. Bhí ionadaí don achomharcóir i láthair chun cur in iúl don bhreitheamh gur éirigh aturnaetha an achomharcóra as an gcás. Níor cuireadh aon chás i láthair thar ceann an achomharcóra.

Toradh: Deimhníodh an measúnú.

Cás 3:

Sa chás seo, thug an t-achomharcóir fianaise chun tacú leis an achomharc. Le linn an t-achomharcóir a chroscheistiú, fuarthas neamhréireachtaí tromchúiseacha idir ioncam dearbhaithe agus ioncam measúnaithe.

Toradh: Deimhníodh an measúnú.

Cás 4:

Sa chás seo, theip ar an achomharcóir bheith i láthair.

Toradh: Deimhníodh an measúnú.

Éilimh

Le linn na bliana 2012, b'ionann éilimh chánach (ús san áireamh) a seirbheáladh de réir Alt 961 de ACC 1997, agus €12,940,080.

B'ionann an cháin iomlán a d'aisghabh an Biúró le linn na bliana 2012 agus €1,967,925. Áirítear leis na figiúirí sin suim €724,320 a bailíodh trí astuithe de bhun Alt 1002 de ACC 1997 a úsáid i leith aonán amháin is fiche.

Tionscnaíodh imeachtaí Ard-Chúirte in dhá chás chun cáin agus ioncam arbh fhiú €4,944,929 iad a aisghabháil.

Bailiú Airgid

Tá sé de chumhacht ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró gach gníomh is gá a dhéanamh chun dliteanais chánach a bhailiú, faoi mar a measúnaíodh iad agus mar atá cinntitheach. Tá cumhachtaí an Ard-Bhailitheora ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró agus bainfidh siad leas as gach modh is féidir chun fiachais chánach a shaothrú. Tá na nithe seo a leanas i measc na modhanna atá ann chun airgead a bhailiú:

- téilimh a eisiúint – Alt 961 de ACC 1997;
- cumhacht astaithe – Alt 1002 de ACC 1997;
- Gníomh sirriam – Alt 960(L) de ACC 1997; agus
- Imeachtaí Ard-Chúirte – Alt 960(I) de ACC 1997.

Cuid a Ceathair
Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

Táblaí cánach

Toradh na nAchomharc ar dhiúltaigh an Biúró dóibh:

Cur Síos	An líon cásanna
Achomhairc Thosaigh	0
Achomhairc ar diúltaíodh dóibh	1
Diúltuithe a achomharcadh chuig an gCoimisinéir	0
Sheas an Coimisinéir Achomhairc le cinneadh an Bhiúró	0
Achomhairc Dheiridh	0

Toradh na nAchomharc ag Céim an Choimisinéara Achomhairc

Cur Síos	An líon cásanna
Achomhairc Thosaigh	6
Achomhairc a agraíodh i gceart	5
Achomhairc a chinn an Coimisinéir Achomhairc	0
Achomhairc a tarraingíodh siar	4
Achomhairc Dheiridh	7

Torthaí na nAchomharc chuig an gCúirt Chuarda

Cur Síos	An líon cásanna
Achomhairc Thosaigh	5
Achomharcadh chuig an gCúirt Chuarda	0
Achomhairc a chinn an Chúirt Chuarda	4
Achomhairc a tarraingíodh siar	1
Achomhairc Dheiridh	0

Cuid a Ceathair
Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

Cáin agus Ús a éilíodh

Cineál Cánach	Cáin €	Ús €	Iomlán €	An líon cásanna
Cáin Ioncaim	4,234,132	3,290,114	7,524,246	18
CBL	1,176,112	185,416	1,361,528	5
CGC	19,377	9,685	29,062	1
ÍMAT/ÁSPC	53,970	44,236	98,206	1
Mál	3,500,589	426,449	3,927,038	3
Iomlán	8,984,180	3,955,900	12,940,080	28

Cáin agus Ús a Bailíodh

Cineál Cánach	Suim €	An líon cásanna
Cáin Ioncaim	1,412,439	38
Cáin Bhreisluacha	416,598	7
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	25,000	1
ÍMAT/ÁSPC	98,206	1
Cáin Conarthaí Iomchuí	15,682	1
Dleacht Stampála	0	0
Cáin Chláraithe Feithiclí	0	0
Iomlán	1,967,925	48

Feidhmeanna Custaim agus Máil

Tacaíonn na feidhmeanna Custaim agus Máil (C&M) sa Bhiúró le gach imscrúdú d'fhonn aon cheisteanna a bhaineann le Custam a aithint agus d'fhonn reachtaíocht, rialacha, rialacháin, faisnéis agus/nó eolas a bhaineann le Custam agus Mál a úsáid ar bhealach cuí.

Go traidisiúnta, déanann grúpaí coireachta tromchúisí agus eagraithe i mbeagnach gach dlínse iarracht rialacháin chustaim agus rialacháin mháil araon a sháru d'fhonn brabús suntasach a dhéanamh, agus cistí an státchiste á laghdú acu agus ról diúltach á imirt acu ar an tsochaí i gcoitinne ag an am céanna.

Déantar amhlaidh in Éirinn, áit a dtugann an teorainn le dlínse eile ina bhfuil rátaí éagsúla cánach ar tháirgí éagsúla dreasacht do ghrúpaí coireachta eagraithe tromchúisí dul i mbun gníomhaíochtaí smuigleála agus gníomhaíochtaí gaolmhara. Cailleann an státchiste méid mór airgid agus baineann na grúpaí coireachta gnóthachan suntasach mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin.

Mar shampla, is fianaise ar a leithéid iompair choiriúil í an trádáil neamhdhleathach a bhaineann le holáí mianracha, lena n-áirítear sciúradh táirgí marcáilte agus an treocht atá ag teacht chun cinn trína ndíoltar díosal sciúrtha trí stáisiúin pheitрил.

Chun comhrac in aghaidh dronga coireachta eagraithe a oibríonn trasna teorainneacha, is gá comhoibriú a bheith ann idir na húdaráis inniúla ar an dá thaobh den teorainn. Ní bhaineann comhoibriú den sórt sin le heolas agus le faisnéis a chomhroinnt le chéile amháin, ach is é atá i gceist leis freisin comhoibriúcháil a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ar bhonn ilghníomhaireacht idirnáisiúnta agus ar bhonn ildisciplíneach.

I gcásanna den sórt sin, is féidir leas a bhaint as na huirlisí uile a bhaineann le cúnamh frithpháirteach, bíodh siad idir an dá údarás custaim nó idir an dá fhórsa póilíneachta, agus baintear leas as na huirlisí sin i ndáiríre.

Cuirtear feabhas ar a éifeachtaí atá an gníomh chun smuigleálaithe a dhíspreagadh trí chomhoibriú agus trí chomhroinnt faisnéise/eolais idir an Biúró agus Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim agus seirbhísí eile idirnáisiúnta custaim.

Tugtar tuilleadh sonraí i gCaibidil 6 den tuarascáil seo ar an gcomhoibriú sin agus ar an ngné idirnáisiúnta de ghníomhaíochtaí an Bhiúró.

Sa dlínse seo, dhírigh an Biúró go rathúil ar dhronga coiriúla den sórt sin agus leanann sé le déanamh amhlaidh.

Féachann Custam agus Mál le tairbhe a bhaint as aon athruithe reachtaíochta sa chomhrac in aghaidh iompar coiriúil eagraithe.

Chun na críche sin, baineadh leas as athruithe reachtaíochta a rinneadh le déanaí ar an Acht Airgeadais, 2001, (ina bpléitear leis an dlí ginearálta máil a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú), lena bhforáiltear do mheasúnuithe Dleachta Máil a ardú, rud nach rabhthas in ann a dhéanamh roimhe sin.

Le linn na bliana 2012, mhéadaigh an Biúró an líon measúnuithe Dleachta Máil agus baineadh €3,927,038 amach trí leas a bhaint as na cumhachtaí sin. Ardaíodh na measúnuithe sin in aghaidh coirpigh mhóra a bhí páirteach i mbreosla smuigleáilte/sciúrtha a dháileadh agus a dhíol.

Tapaíonn an fhoireann chustaim a bhfuil baint aici leis an mBiúró gach deis chun nascadh agus obair go dlúth lena comhghleacaithe Custaim in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ar mhaithe le leas a bhaint as na deiseanna imscrúdaitheacha eile agus ar mhaithe le hacmhainní an Stáit a úsáid ar an mbealach is éifeachtúla ó thaobh costais de chun dul i ngleic le coirpigh.

Le linn imscrúdú amháin de chuid an Bhiúró sa bhliain 2012, tháinig Oifig Chustaim an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla ar an eolas go ndearna an duine a bhí faoi réir an imscrúdaithe sin sárú ar

rialacháin a bhaineann le Cáin Chláraithe Feithiclí (CCF).

Mar thoradh ar an ngníomh cuí a rinne foireann Chustaim an Bhiúró, agus í ag obair go dlúth le Foireann Réigiúnach Ioncaim/Chustaim Bhaile Átha Cliath, coinníodh aon fheithicil déag agus urghabhadh seacht bhfeithicil ina dhiaidh sin. Bailíodh CCF i ndáil leis na ceithre fheithicil sular scaoileadh iad. Tá ionchúisimh ar feitheamh i ndáil leis na seacht bhfeithicil a urghabhadh.

Cuid a Ceathair
Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó]

Cuid a Cúig

Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró

Téann an Biúró i mbun gníomhaíochta faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, de bhun na bhfeidhmeanna atá aige faoi Alt 5 den Acht. Déanann Oifigigh Leasa Shóisialaigh an Bhiúró teidlíocht i leith íocaíochtaí leasa shóisialaigh a imscrúdú agus a chinneadh. Ag eascairt as imscrúduithe Oifigigh an Bhiúró, rinneadh gníomhartha de bhun shainchúram Leasa Shóisialaigh an Bhiúró i leith céad agus beirt.

Coigilteas

Mar thoradh díreach ar imscrúduithe a rinne Oifigigh Leasa Shóisialaigh an Bhiúró sa bhliain 2012, cuireadh deireadh le hiocaíochtaí nó laghdaíodh íocaíochtaí i gcás líon suntasach daoine. Is é an toradh a bhí ar na gníomhartha sin ná coigilteas iomlán €612,670 don státchiste. Is iad seo a leanas na ceannuideil éagsúla faoinar baineadh an coigilteas sin amach:

Coigilteas Leasa Shóisialaigh

Cineál scéime	Coigilteas €
Liúntas cúramóra	77,465
Sochar linbh	15,198
Liúntas míchumais	65,601
Sochar míchumais	31,584
Liúntas cuardaitheora poist	204,414
Íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora	218,408
Pinsean stáit (seanaois)	-
Iomlán	612,670

Ró-íocaíochtaí

Rinneadh ró-íocaíochtaí agus daoine a aithint agus a mheasúnú mar thoradh ar na himscrúduithe a rinneadh freisin. Sainmhínítear ró-íocaíocht mar íocaíocht a fuair duine le linn tréimhse (tréimhsí) nach raibh an duine sin i dteideal an

íocaíocht sin a fháil ina leith agus cruthaíonn sí fiachas don Roinn Coimirce Sóisialaí. Mar thoradh air sin, eisíodh éilimh in aghaidh na ndaoine sin le haghaidh aisíocaíocht fiachas Leasa Shóisialaigh a raibh luachanna idir €3,000 agus €160,000 ag baint leo. Is iad seo a leanas suimeanna iomlána na Ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh a Measúnaíodh agus a Éilíodh sa bhliain 2012:

Ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

Cineál scéime	Ró-íocaíocht €
Liúntas cúramóra	167,885
Sochar linbh	3,576
Liúntas míchumais	138,137
Sochar míchumais	-
Liúntas cuardaitheora poist	802,448
Íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora	390,466
Pinsean stáit (seanaois)	-
Totals	1,502,512

Aisghabháil

Baineann an Biúró leas as roinnt modhanna chun fiachais Leasa Shóisialaigh a aisghabháil ó dhaoine.

I measc na modhanna sin, is féidir íocaíochtaí a dhéanamh trí chnapshuim agus/nó thráthchuid nó is féidir asbhaintí a dhéanamh as íocaíochtaí reatha teidlíochta Leasa Shóisialta. Tá an Biúró ag iarraidh go gníomhach tuilleadh cumhachtaí reachtaíochta a fháil, cumhachtaí a chabhróidh le fiachais Leasa Shóisialaigh a ghabháil chun tairbhe an státchiste. Is iad seo a leanas suimeanna na bhfiachas Leasa Shóisialaigh a d'aisghabh an Biúró sa

Cuid a Cúig

Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró

bhliain 2012:

chur faoi bhráid na Cúirte Cuarda Sibhialta.

Leas Sóisialach a Aisghabhadh

Cineál scéime	Suim a Aisgh-abhadh €
Liúntas cúramóra	45,620
Sochar linbh	-
Liúntas míchumais	47,395
Sochar míchumais	-
Liúntas cuardaitheora poist	271,057
Íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora	25,565
Pinsean stáit (seanaois)	4,160
Totals	393,797


Achomhairc

Tá gníomhaireacht neamhspleách ann, ar a dtugtar an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh agus atá faoi cheannas ag Príomh-Oifigeach Achomhairc. Cuireann an oifig seo seirbhís achomhairc ar fáil do dhaoine nach bhfuil sásta le cinntí a rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí ar cheisteanna a bhaineann leis an teidlíocht atá acu i leith íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

Sa bhliain 2012, bhí naoi n-achomharc in aghaidh cinntí a rinne Oifigigh Bhreithiúnachta a bhfuil baint acu leis an mBiúró. Is ionann é sin agus laghdú 50% ar an líon achomharc a rinneadh sa bhliain 2011.

Dheimhnigh an Príomh-Oifigeach Achomhairc nach raibh an gnáthnós imeachta achomhairc leordhóthanach chun próiseáil éifeachtach na n-achomharc sin a chinntiú agus mhol sé do na hachomharcóirí na hachomhairc a

Diagram: Scheme of Appeals



Cuid a Cúig
Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó]

Cuid a Sé

Ionchúisimh choiriúla a tháinig as imscrúduithe an Bhiúró

Réamhrá

Mar thoradh ar imscrúduithe a rinne an Biúró de bhun an tsainchúraim reachtúil atá air, thángthas ar fhianaise ar shárúithe amhrasta cionta coiriúla. Mar thoradh air sin, gabhadh roinnt daoine agus ullmhaíodh comhaid inar lorgaíodh orduithe ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (dá ngairtear 'an SIP' anseo feasta) agus tháinig roinnt ionchúisimh choiriúla chun cinn.

Bhí na cionta amhrasta a aithníodh contrártha d'Ailt faoi na hAchtanna seo a leanas:

- An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997;
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001;
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010;
- An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2001;
- An tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005;
- An tAcht um Chleachtais Éillitheacha ag Comhlachtaí Poiblí, 1889;
- An tAcht um Éilliú a Chosc, 1916; agus
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

Le linn na bliana 2012, réitíodh roinnt cásanna ó bhlianta roimhe agus, faoi mar a tharla i mblianta eile, cuireadh tús le roinnt gníomhartha nua.

Is é seo a leanas an fhaisnéis is déanaí ar na cásanna ar cuireadh tús leo roimh an mbliain 2012. Tugtar mionsonraí ar stádas reatha na n-ionchúiseamh coiriúil ar cuireadh tús leo sa bhliain 2012 freisin.

Cionta a bhain le cáin

Cás 1

Leagadh amach sa Tuarascáil Bhliantúil do 2011 gur gabhadh triúr le linn na bliana céanna mar gheall ar chionta amhrasta ioncaim a bhí contrártha d'Alt 1078 de ACC 1997 maidir leis an mainneachtain tuairisceáin chánach a dhéanamh.

Cúisíodh gach duine den triúr as cionta coiriúla sa bhliain 2012 agus tá gach ceann de na trí chás ar atráth go dtí an bhliain 2013.

Tá ceann amháin de na trí chás faoi réir imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ag an gcosantóir san Ard-Chúirt. Amhail 31 Nollaig 2012, bhíodhas ag feitheamh le dáta éisteachta.

Cás 2

Sa bhliain 2012, chuir an Biúró comhad faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i ndáil le duine eile, duine a gabhadh roimhe sin mar gheall ar chionta

Cuid a Sé

Ionchúisimh choiriúla a tháinig as imscrúduithe an Bhiúró

a bhí contrártha d'Acht 1078 de ACC 1997. Táthar ag feitheamh le treoracha ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ina leith sin faoi láthair.

Cás 3

Sa bhliain 2011, cúisíodh duine as cionta a bhí contrártha d'Alt 1078 de ACC 1997 maidir leis an mainneachtain tuairisceáin chánach a dhéanamh.

Le linn na bliana 2012, cuireadh an cosantóir ar aghaidh chun trialach sa Chúirt Chuarda Choiriúil. Theip ar an gcosantóir teacht os comhair na Cúirte, áfach, agus eisíodh barántas i leith ghabháil an chosantóra.

Cás 4

Tá cás amháin fós á leanúint ag an mBiúró faoin Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 go 2007. Tá an cás á athbhreithniú ag an gcosantóir faoi láthair go fóill trí athbhreithniú breithiúnach.

Cé gur chaill an cosantóir an t-achomharc san Ard-Chúirt, chuir an cosantóir achomharc faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí. Éisteadh an t-achomharc sin sa bhliain 2012 agus tá breithiúnas ar feitheamh. Tá na cúisimh choiriúla os comhair na Cúirte Coiriúla Speisialta arís faoi láthair.

Cás 5

Leagadh amach i dTuarascálacha Bliantúla an Bhiúró do bhlianta eile go raibh an Biúró páirteach in imscrúdú ar neamhrialtachtaí Cánach Cláraithe Feithiclí (CCF). Rinneadh an t-imscrúdú

sin faoi ainm oibríochta "Operation Tie".

Le linn na bliana 2012, phléadail duine amháin ciontach i gceithre scór déag a bhain le calaois CCF agus cuireadh cás an duine sin ar atráth go dtí an bhliain 2013.

Ag eascairt as an imscrúdú céanna, phléadail duine eile neamhchiontach sa Chúirt Chuarda Choiriúil. Tar éis chás an duine sin a éist, tharraing an Stát dhá cheann de na cúisimh choiriúla siar agus cuireadh nolle prosequi nó 'Gan Ionchúiseamh' isteach i ndáil leis na ceithre chúiseamh eile.

Cionta a bhain le leas sóisialach

Cás 6

Tugadh faoi deara sa Tuarascáil Bhliantúil do 2011 go raibh an Biúró ag leanúint ar aghaidh le himscrúdú a dhéanamh ar dhuine a gabhadh mar gheall ar sháruithe amhrasta ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, maidir le héilimh ar leas sóisialach a measadh a bheith calaoiseach. Le linn na bliana 2012, chuir an Biúró an t-imscrúdú sin i gcrích agus chuir sé comhad faoi bhráid an SIP. Táthar ag feitheamh le treoracha an Stiúrthóra faoi láthair.

Cás 7

Cuireadh in iúl sa Tuarascáil Bhliantúil do 2011 gur chúisigh an Biúró duine cheana féin as ocht gcion is daichead a bhí contrártha d'fhorálacha an Achta

Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, 1995.
agus don Acht um Cheartas Coiriúil
(Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001.

Le linn na bliana 2012, phléadail an duine
ciontach sna cionta sin sa Chúirt Chuarda
Choiriúil agus cuireadh téarma
príosúnachta trí bliana air.

Cionta a bhain le bagairtí agus le himeaglú

Cás 8

Mar a tuairiscíodh sa Tuarascáil
Bhliantúil do 2011, rinne Oifig Bhiúró
is comhaltaí den Gharda Síochána beirt a
ghabháil agus a chúiseamh as cionta a
bhí contrártha d'Alt 13 d'Acht fán mBiúró
um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus
2005, rud a bhaineann le himeaglú
Oifig an Bhiúró.

Phléadail duine amháin ciontach os
comhair na Cúirte Cuarda Coiriúla sa
bhliain 2012 agus cuireadh faoi choimeád
é go dtí go ngearrfaí pianbhreith sa
bhliain 2013. Cuireadh cás an duine eile
ar atráth go dtí an Chúirt Chuarda
Choiriúil sa bhliain 2013.

Cionta a bhain le héilliú

Cás 9

Tuairiscíodh sa Tuarascáil Bhliantúil do
2010 gur cúisíodh seisear as cionta a bhí
contrártha d'Alt 1(2) den Acht um
Chleachtais Éillitheacha ag Comhlachtaí
Poiblí, 1889, arna leasú ag Alt 4(2) den
Acht um Éilliú a Chosc, 1916, agus ag Alt
38 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí,

Toisc go bhfuair duine amháin de na
daoine sin bás, tá cúig cinn de na
cásanna sin fós os comhair na
gCúirteanna. Thug beirt de na cosantóirí
achomhairc os comhair na hArd-Chúirte
agus éisteadh leis na hachomhairc sin le
linn na bliana 2012. Níor éirigh le
ceachtar achomharc. Sa dá chás,
rinneadh achomhairc i leith chinneadh na
hArd-Chúirte a thabhairt chuig an gCúirt
Uachtarach. Sa bhliain 2012, d'éist an
Chúirt Uachtarach an dá achomharc
agus, sa dá chás, thug an Chúirt
Uachtarach rialú in aghaidh na beirte
Achomharcóirí. Socraíodh dáta
éisteachta don bhliain 2013 chun an cás
coiriúil in aghaidh an chúigear cosantóirí
a éist.

Cuid a Sé
Ionchúisimh choiriúla a tháinig as imscrúduithe an Bhiúró

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó]

Cuid a Seacht

Breithiúnais shuntasacha chúirte le linn 2012

Byrne -&- F

[2012] IEHC 428 (An Ard-Chúirt, Feeney B, 6 Iúil 2012)

Dhiúltaigh an Ard-Chúirt d'orduithe a dhéanamh in aghaidh cuntais mhaoine agus bhainc a líomhnaíodh a bheith ina bhfáltais ó choireacht, ar an bhforas nár comhthacaíodh go sásúil le fianaise chlostrácht agus thuairime maidir le gníomhaíocht choiriúil líomhanta.

Nóta maidir le srianta tuairiscithe: rinne an Ard-Chúirt ordú an 4 Iúil 2001 de bhun Alt 8(3) den Acht um FC lenar treoraíodh “go gcuirtear cosc leis seo ar ainmneacha na gCosantóirí a nochtadh agus ar aon fhaisnéis lena mbaineann a fhoilsiú trína bhféadfaí ainmneacha na gCosantóirí a nochtadh.”

Fáltais ó choireacht – Alt 3 agus Alt 7, an tAcht um FC – iarratas ag Príomh-Oifigeach an Bhiúró – maoin agus cuntais bhainc i seilbh duine/daoine éagtha – ceannaíodh maoin sna 1970í agus 1980í – riachtanas a bhaineann le comhthacaíocht – ceannaíodh maoin gan iasacht – sciúradh líomhanta airgid – fadhbanna a bhaineann le caighdeán na fianaise ar a raibh an t-iarratasóir ag brath – imeacht aimsire agus céimniú cuimhní – fianaise ag brath ar chumarsáid ó thríú páirtithe gan aithint – líomhaintí maidir le gníomhaíochtaí coiriúla agus smuigleála – teagmháil líomhanta le mangairí drugaí – smuigleáil líomhanta toitíní – imscrúduithe ar dhaoine éagtha i dTuaisceart Éireann

agus in Éirinn – cumarsáid idir an Garda Síochána, Constáblacht Ríoga Uladh (RUC) agus Scotland Yard i Londain – neamhréireachtaí san fhianaise – an easpa fianaise iontaofa maidir le haon gníomhaíochtaí coiriúla roimh an mbliain 1994 – ní raibh feidhm ag an reachtaíocht bhunaidh um fháltais ó choireacht maidir le coireanna a rinneadh lasmuigh den Stát – ceisteanna maidir le cé acu a bheadh sé nó nach mbeadh sé sábháilte fianaise thuairime a cheadú – ceisteanna maidir le cé acu a bhí nó nach raibh fianaise shásúil ann go raibh cistí ceilte ina bhfáltais ó choireacht a bhí á sciúradh – Alt 8 den Acht um FC.

Thug an chúirt an méid seo a leanas faoi deara:

“Tá roinnt tosca sa chás seo agus, nuair a dhéantar iad go léir a mheas agus a chur san áireamh, treoraíonn siad an Chúirt a chreidiúint nach sásúil atá caighdeán na fianaise ar a bhfuil Príomh-Oifigeach an Bhiúró ag brath agus ar a bhfuil a thuairim bunaithe chun gur féidir leis an gCúirt teacht ar an gconclúid gur bhunaigh an gearánaí forais réasúnta le tuairim Phríomh-Oifigeach an Bhiúró nó le fianaise thuairime. Tá cásanna speisialta ann sa chás seo freisin a threoraíonn an Chúirt i dtreo na conclúide céanna.”

“Tá easpa doiciméadúchán comhaimseartha ar fáil don Chúirt agus is beag doiciméadúchán atá ar fáil maidir le staid airgeadais F sa Ríocht Aontaithe sular fhill sé ar Éirinn sa bhliain 19XX, is é sin, beagnach deich mbliana tar éis dó

Cuid a Seacht

Breithiúnais shuntasacha chúirte le linn 2012

imeacht ón dlínse. Fágann sé sin go bhfuil sé an-deacair don Chúirt an fhianaise a bhféachann Príomh-Oifigeach an Bhiúró le bheith ag brath uirthi a mheas agus a thástáil agus laghdaíonn sé caighdeán na fianaise sin. Dá bharr sin, níl an Chúirt in ann teacht ar chonclúidí diúltacha maidir leis an dóigh ar déileáladh leis na cistí. Is é an cheist nach mór don Chúirt aird a thabhairt uirthi ar dtús ná admháil na fianaise clóstráichta nó tuairime i ndáil le giniúint na bhfáltais ó choireacht ag F, nach maireann, laistigh den dlínse. I bhfianaise na gcúrsaí a aithníodh sna míreanna roimhe, tá an Chúirt seo sásta nár chóir an fhianaise thuairime ná creidiúna glacadh i bhfianaise mar gheall ar chaighdeán na fianaise ar mian le Príomh-Oifigeach an Bhiúró a bheith ag brath uirthi chun tacú leis an bhfianaise thuairime atá aige agus mar gheall ar an nádúr agus ar na tosca nach mór a leithéid fianaise a mheas. Níl an Chúirt sásta go bhfuil foras réasúnta, bunaithe ar fhianaise, leis an gcreideamh sin. Sna himthosca sin, ní féidir leis an gCúirt teacht ar an gconclúid gurb ionann an fhianaise a thug an gearánaí ar aird agus cás prima facie faoi alt 3 agus nach n-aistrítear an dualgas cruthúnais i dtreo an ghearánaí dá bharr."

- Gilligan v. Criminal Assets Bureau [1998] 3 IR 185
- McIntosh v. Lord Advocate [2001] 3 WLR. 107
- McK v. F agus F (Neamhthuaisricithe, An Ard-Chúirt, Finnegan P, 24 Feabhra, 2003)
- McK v. TH [2007] 1 ILRM 338
- Murphy v. GM [2001] 4 IR 113

Príomhchásanna a Luadh

- Clarke v. Governor of Cloverhill Prison [2011] 2 I.R. 742
- McKeon v. Director of Public Prosecutions (Neamhthuaisricithe, An Chúirt Uachtarach 12 Deireadh Fómhair, 1995)
- FMcK v. GWD (Proceeds of Crime Outside the State) [2004] 2 I.R. 470

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. John Kelly & TT

[2013] IESC 2 (An Chúirt Uachtarach,
McMenamin J, 29 Samhain 2012)

Sheas an Chúirt Uachtarach leis an gcinneadh a rinne an Ard-Chúirt i bhfabhar an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, is é sin, nach raibh an t-aistriú maoine chuig an Aire Airgeadais ina chúis le héigeartas sa chás go bhfuarthas amach gurbh fháltas ó choireacht í an mhaoin sin, fiú amháin sa chás gur áras teaghlaigh a bhí sa mhaoin a aistríodh.

Nóta maidir le srianta tuairiscithe: rinne an Ard-Chúirt ordú an 3 Deireadh Fómhair 2007 de bhun Alt 8(4) den Acht um FC lenar treoraíodh “nach nochtfaí aitheantas an Dara Freagróir Ainmnithe ná beirt leanaí an fhreagróra sin le linn ionchúiseamh na n-imeachtaí seo.” Mar sin féin, níor cuireadh ainmniú John Kelly, ar fear céile TT é, san áireamh san ordú sin.

Fáltais ó choireacht – Alt 8 agus Alt 4, an tAcht um FC – achomharc ag TT – gan aon achomharc ag Kelly – áras teaghlaigh TT a bhí sa teach – bronnadh leas tairbheach 50% ar TT in imeachtaí teaghlaigh sa Chúirt Chuarda – Éigiontaíodh Kelly i gcúisimh choiriúla – imeachtaí cánach ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla in aghaidh Kelly – Ba chóir don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla fógra a thabhairt maidir le himeachtaí dlí teaghlaigh – ceisteanna maidir le cé acu a bhí nó nach raibh

moilleanna ina gcúis le “éigeartas” – nósanna imeachta cothroma – cearta chun maoin phríobháideach – gníomhaíochtaí a bhí thar a bheith frithshóisialta agus contrártha don leas comhchoiteann – comhréireach – tosca le cur san áireamh agus an baol éigeartais á mheas – gan aon ranníocaíochtaí díreacha airgeadais – gan aon mhorgáiste – cóiríocht eile – ranníocaíochtaí chun cur le luach an tí – aisiocaíochtaí leasa shóisialaigh – neamhainmníocht faoi Alt 8(4) den Acht – mí-úsáid próise.

Ba é an phríomhcheist lena breithniú ag an gCúirt Uachtarach ná a mhéid nach mór don chúirt aird a thabhairt, ar mhaithe le ceartas, ar ordú a dhéanamh lena ndéanfar an mhaoin a dhiúscairt faoi Alt 4 den Acht um FC. Go háirithe, b'éigean dóibh aird a thabhairt ar leas a bhaint as Alt 4, is é sin maoin a n-éilíonn céile gur áras teaghlaigh í.

D'éascair an t-achomharc ag TT as breithiúnas a rinne an Breitheamh Onórach Feeney san Ard-Chúirt an 3 Deireadh Fómhair 2007. Ba é seo a leanas éifeacht an ordaithe sin:

1. nach nochtfaí ainm TT ná ainm na beirte leanaí,
2. go n-aistreofaí airgead ó chuntais bhainc chuig an Aire Airgeadais chun tairbhe don Phríomh-Chiste, agus
3. go ndéanfaí teach, mar aon le daingneáin agus feistis, a aistriú freisin chuig an Aire Airgeadais faoi

Cuid a Seacht

Breithiúnais shuntasacha chúirte le linn 2012

réir an choinníll go mbeadh cead ag TT agus ag an mbeirt leanaí cónaí sa teach sin go dtí an 30 Meitheamh 2008.

Fuair an Ard-Chúirt amach gurbh ionann an t-airgead agus an teach, go díreach nó go hindíreach, agus fáltais ó choireacht faoin Acht um FC. Chuala an Ard-Chúirt fianaise go raibh John Kelly (fear chéile TT) páirteach i ngníomhaíochtaí coiriúla agus i mangaireacht drugaí, go háirithe, agus gur úsáideadh airgead a gineadh ó mhangaireacht drugaí chun an mhaoín a cheannach.

Ní dhearna an tUasal Kelly achomharc in aghaidh chinneadh na hArd-Chúirte agus is í TT amháin a rinne an t-achomharc chuig an gCúirt Uachtarach. Níor díospóideadh san Ard-Chúirt gur cheannaigh an tUasal Kelly an mhaoín agus gurbh fháltais ó choireacht í.

Ba é an cheist sa Chúirt Uachtarach ná cé acu a bhí nó nach raibh aistriú na maoine chuig an Aire, faoi mar a éilítear faoi Alt 4 den Acht, ina chúis le “éigeartas” i gcás go bhfuil céile ag maíomh gur áras teaghlaigh í an mhaoín sin.

Cuireadh tús leis an gcás sin sa bhliain 1997 nuair a fuair an Biúró um Shócmhainní Coiriúla ordú calctha ón Ard-Chúirt an 9 Bealtaine 1997. Ordú gearrthéarmach calctha a bhí san ordú sin faoi Alt 2 den Acht. Rinne an Ard-Chúirt ordú deiridh faoi Alt 3 den Acht an

27 Márta 1998. Rinneadh an t-ordú sin le toiliú ón dá pháirtí.

Ina theannta sin, d’eisigh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla imeachtaí bailithe cánach in aghaidh an Uasail Kelly don tsuim €378,522.76 a bhain le cáin ioncaim. Bhronn an Ard-Chúirt an tsuim iomlán agus diúltaíodh achomharc sa Chúirt Uachtarach an 11 Deireadh Fómhair 2002.

Chiontaigh an Chúirt Chuarda Choiriúil an tUasal Kelly i gcion mangaireachta drugaí i mí Iúil 2000 ach chuir an Chúirt Achomhairc Choiriúil an ciontú sin ar neamhní ar chúiseanna teicniúla an 21 Márta 2002. Éigiontaíodh an tUasal Kelly ina dhiaidh sin in aon chúisimh amuigh, ach bhí an Chúirt Uachtarach den tuairim nach raibh an oiread sin bunúis leis sin i bhfianaise na n-admhálacha a rinne an tUasal Kelly agus TT cheana féin i ndáil le bunús na maoine a bhí i gceist.

Trí mhí roimh an éisteacht san Ard-Chúirt sa bhliain 2007, thionscain TT imeachtaí dlí teaghlaigh sa Chúirt Chuarda. Rinne an Chúirt Chuarda ordú de bhun Alt 36 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1996, go raibh áras an teaghlaigh i gcomhsheilbh ag TT agus ag a fear chéile. Tionóladh na himeachtaí dlí teaghlaigh sin i gcruinniú iata agus níor tugadh eolas don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla faoin éisteacht. Chuala an Chúirt Uachtarach nach raibh aon chliseadh pósta ann agus, mar a tharla, dúirt TT nach raibh “práinn” leis an éisteacht dlí teaghlaigh ach amháin mar gheall ar imeachtaí an Bhiúró um

Shócmhainní Coiriúla san Ard-Chúirt. Níor tugadh fógra don Bhiúró ach amháin trí mhí sula ndearnadh an t-ordú sa Chúirt Chuarda. Dúirt an Chúirt Uachtarach: “d’fhéadfaí, agus ba chóir, fógra a thabhairt don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla go ndearnadh an t-iarratas sin”.

D’athdheimhnigh an Chúirt Uachtarach an seasamh a bhí aici sa chás An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v H [2011] IESC 10, nuair a tháinig an Chúirt ar an gconclúid i gcás den chineál céanna nach ndearna an Breitheamh den Ard-Chúirt (Feeney, J.), “earráid” maidir leis an tuiscint a bhí aige ar na ceistanna a bhí os a chomhair agus sheas sí le breithiúnas sin na hArd-Chúirte ina iomláine.

Sa chás sin, thug an Chúirt Uachtarach faoi deara go bhfuil gné láidir bheartais phoiblí den Acht um FC. Thug sí faoi deara gurb é an beartas atá ann ná a chinntiú nach mbaineann daoine tairbhe as sócmhainní a ceannaíodh le fálaí ó choireacht, beag beann ar cé acu a bhí nó nach raibh an tairbhí ar an eolas gur ceannaíodh an mhaoín sin le fálaí ó choireacht. Is féidir go mbeidh sé sin teoranta, áfach, i gcás ceannaitheoir bona fide.

Thug an Chúirt faoi deara nár cheannaitheoir de mheon macánta í TT agus nár thug sí aon fhianaise go ndearna sí ranníocaíocht maidir le ceannach na maoine. Luaigh an Chúirt:

“Ní féidir dearmad a dhéanamh gur chónaigh an t-achomharcóir, murab ionann agus cuid mhór den phobal, sa mhaoín saor ó chíos agus saor ó mhorgáiste, ar feadh tréimhse de thart ar 22 bliain ó 1990, maoín a ceannaíodh le fálaí choireachta, agus nach raibh uirthi déileáil leis na gnáthdhliteanais a bhíonn roimh dhaoine eile a cheannaíonn maoín. Níl sé i gcomhréir le ceartas cóir ná chun an leasa choitinn gur féidir le daoine tairbhe a bhaint as na fálaí ó choireacht.”

Thug an Chúirt faoi deara gur thionscain an Roinn Coimirce Sóisialaí imeachtaí in aghaidh TT, ach nach bhféadfadh na himeachtaí sin dul i bhfeidhm ar bhreithiúnas na Cúirte.

Sheas an Chúirt le forálacha neamhainmníochta Alt 8(4) a dheonaigh an Ard-Chúirt agus d’aontaigh sí leis an Ard-Chúirt nach gá aitheantas John Kelly a chosaint agus nach gcosnófaí aitheantas John Kelly. D’aontaigh an Chúirt leis an Ard-Chúirt agus thug sí faoi deara go raibh sé chun tairbhe don tsochaí gan forálacha neamhainmníochta a chur i bhfeidhm i leith John Kelly. Thug an Chúirt faoi deara:

“Tarlaíonn sé go mbíonn daoine a ghlacann páirt i gcoireacht i mbaol drochphoiblíocht a tharraingt orthu féin. Ní shéantar go raibh an freagróir céadainmnithe páirteach i ngníomhaíochtaí coiriúla a dhéanann dochar don leas coiteann. Tugann an t-ordú cosaint do chearta an

Cuid a Seacht

Breithiúnais shuntasacha chúirte le linn 2012

achomharcóra ar bhealach comhréireach leordhóthanach."

Príomhchásanna a Luadh

- CAB v. H [2011] IESC 10
- McK v. AF [2002] 1 IR 242,
- Rowan v Byrne, (Neamhthuaisiricthe, An Ard-Chúirt, Barr B, 17 Nollaig, 1990)
- Royal Bank of Ireland v. O'Rourke [1962] IR 159
- Director of Public Prosecutions v. Gill [1980] 1 IR 263
- Murray v. McArdle (Neamhthuaisiricthe, An Ard-Chúirt, Morris B., 11 Bealtaine, 1998)
- The State (Clarke) v Roche [1986] IR 619
- Murphy v. MC And others, (Neamhthuaisiricthe, An Chúirt Uachtarach, Keane C.J., 9 Márta, 2004).
- Murphy v. GM [2001] 4 IR 113
- CAB v. H (Neamhthuaisiricthe, An Ard-Chúirt, Feeney J., 3 Deireadh Fómhair, 2007)
- Gilligan v Criminal Assets Bureau [1998] 3 IR 185

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Roger O'Grady

**Taifead na hArd-Chúirte
2012/007/CAB**

Neamhthuaisiricthe

Ba é an phríomhcheist lena breithniú ná dúshlán in aghaidh an údaráis atá ag an Ard-Chúirt sócmhainní a chalcadh. Bhí sócmhainní i seilbh agus faoi rialú ag an bhfreagróir, sócmhainní a bhí faoi réir imscrúdú an Bhiúró.

I measc na sócmhainní sin, bhí feithicil de chuid Ferrari agus héileacaptar de chuid Robinson. Rinne an Chúirt Ordú lenar calcadh na sócmhainní agus ceapadh Glacadóir faoi Alt 7 den Acht um FC chun seilbh a ghlacadh ar na sócmhainní sin. Chun an t-ordú sin a shárú, baineadh na sócmhainní as dlínse na cúirte.

D'éirigh leis an mBiúró, le cúnamh Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, na sócmhainní a aimsiú agus d'fhill sé ar ais iad sa dlínse seo.

Gné eile den chás seo ná gur ceanglaíodh ar an mBiúró imeachtaí díspregtha cúirte a thionscnamh in aghaidh an fhreagróra. Ba é an toradh a bhí air sin ná gur thionscain an Biúró, den chéad uair riamh, imeachtaí astaithe agus cimithe in aghaidh an fhreagróra mar cheist lenar bhain tábhacht phoiblí.

Gabhadh an freagróir ina dhiaidh sin agus tugadh os comhair na hArd-Chúirte é i dtaobh díspreagadh cúirte.

Mar thoradh air sin, éilíodh suim €26,687.60 faoi réir Ordú a fháil faoi Alt 2, Alt 3 agus Alt 4. Urghabhadh feithicil de chuid Ranger Rover freisin.

Mar an gcéanna, fuarthas orduithe faoi Alt 3 agus Alt 4 i ndáil leis an héileacaptar agus leis an bhfeithicil de chuid Ferrari.

Grianghraf den fheithicil de chuid Ferrari agus den héileacaptar a urghabhadh



Is cás suntasach é seo, sa mhéid is go léiríonn sé an méid seo a leanas:

- an comhoibriú idirnáisiúnta a fhaigheann an Biúró;
- a mhéid a fhéachfaidh an Biúró lena chinntiú go bhforfheidhmeofar orduithe na hArd-Chúirte; agus
- cur chuige ilghníomhaireachta i leith sócmhainní a ghnóthú agus a chaomhnú.

Cuid a Seacht
Breithiúnais shuntasacha chúirte le linn 2012

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó]

Cuid a hOcht

Forbairtí Idirnáisiúnta

An Ghné Idirnáisiúnta

Agus é ina ghníomhaireacht tosaigh sa chomhrac in aghaidh coiriúlachta, tá cumas an Bhiúró an fheidhm sin a chomhlíonadh, agus an rath atá bainte amach aige go dtí seo, bunaithe, a bheag nó a mhór, ar an gcur chuige ilghníomhaireachta agus ildisciplíneach lena nglacann sé. Tacaíonn sraith uathúil prionsabal dlí ina leith sin freisin. Leanann an Biúró ar aghaidh le ról tábhachtach a imirt ar leibhéal idirnáisiúnta ó thaobh fhorfheidhmiú an dlí de.

ea na hOifigí Aisghabhála Sócmhainní sna Ballstáit.

Bíonn an Biúró an-ghníomhach maidir le háiseanna Oifigí Aisghabhála Sócmhainní na mBallstát a úsáid chun imscrúduithe a bhrú chun cinn. Cabhraíonn an Biúró freisin le Ballstáit eile maidir lena gcuid iarratas ar chúnamh.

Le linn na bliana 2012, fuaireamar seacht n-iarratas déag ar chúnamh agus rinneamar dhá iarratas.

Oifig Aisghabhála Sócmhainní (OAS)

Sa bhliain 2011, ghlac Coimisiún an AE le tuarascáil ar fheidhmiú na nOifigí Aisghabhála Sócmhainní (OAS) arna gcur ar bun ag na Ballstáit chun dul i ngleic le coireacht eagraithe. Trí shócmhainní a fuarthas go neamhdhleathach a aithint laistigh dá gcuid dlínse féin, agus trí mhalartú na faisnéise cuí a éascú ar leibhéal na hEorpa, cabhraíonn na hoifigí sin le brabús coiriúil a bhaint de choirpigh. Is é an Biúró an Oifig Aisghabhála Sócmhainní ainmnithe d'Éirinn.

Oibríonn grúpaí coiriúla ar bhonn trasnáisiúnta agus faigheann siad sócmhainní i ndlínsí nach a gcuid dlínse féin iad. Is é cuspóir na nOifigí Aisghabhála Sócmhainní ná cúnamh a thabhairt do na Ballstáit sócmhainní coiriúla a rianú agus a aithint i mBallstáit eile. Uirlisí tábhachtacha san obair sin is

Oibríochtaí Idirnáisiúnta

Ó thaobh oibríochtaí de, tá an Biúró páirteach i roinnt oibríochtaí idirnáisiúnta. Is féidir le hoibríochtaí den sórt sin a bheith éagsúil ó thaobh cineáil de agus áirítear leo faisnéis leanúnach atá ar fáil don Bhiúró a sholáthar chun ról gníomhach a ghlacadh i dtargaidí coiriúla aonair, agus i sócmhainní na dtargaidí sin a rianú, i gcomhar le gníomhaireachtaí den chineál céanna i ndlínsí eile.

Sampla den chomhoibriú ar leibhéal idirnáisiúnta is ea na trí ghníomh a glacadh in aghaidh Brian Meehan de bhun an Achta um FC tar éis é a chiontú i ndúnmharú Veronica Guerin. Bhain an gníomh ba dhéanaí le cuntais Bhainc a bhí á gcoinneáil san Ostair agus i Manainn, áit ar bhain próiseas rathúil cúirte IR£522,924.38 amach don Bhiúró an 3 Nollaig 2012. D'oibrigh an Biúró go han-dlúth leis na húdaráis chuí san Ostair agus i Manainn, údaráis a thug cúnamh

Cuid a hOcht Forbairtí Idirnáisiúnta

den scoth maidir le haisghabháil an airgid sin ó na cuntais éagsúla bhainc.

Europol

Leanann an Biúró ar aghaidh leis an ról atá aige mar phríomhghníomhaireacht um fhorfheidhmiú an dlí in Éirinn, agus é páirteach i roinnt oibríochtaí idirnáisiúnta leanúnacha a bhíonn á mbainistiú ag Europol. Díríonn na hoibríochtaí sin ar ghníomhaíochtaí na ndrong coireachta eagraithe a oibríonn trasna teorainneacha agus a fhéachann le gluaiseacht den sórt sin trasna teorainneacha idirnáisiúnta a úsáid ar mhaithe lena gcuid gníomhaíocht choiriúil nó ar mhaithe le gníomhaíocht den sórt sin a éascú.

Oibríocht faoi chomhordú Europol is ea “Operation Oakleaf” agus díríonn sí ar na gníomhaíochtaí coiriúla de chuid droinge amháin a bhfuil naisc mhóra aici le hÉirinn. Oibríonn an drong sin ar fud an dá Mheiriceá, na hÁise agus na hAstráile. Seirbheáladh éilimh chánach arbh fhiú thart ar €9m iad ar naonúr príomhbhall den drong. Is grúpa coireachta an-eagraithe é sin agus bhí sé páirteach i gcineálacha éagsúla coireachta tromchúisí: táirgí góchumtha, calaois tarmac, robáil, sciúradh airgid agus gáinneáil drugaí. Aithnítear go bhfuil saineolas domhanda ag an ngrúpa ar adharc an tsrónbheannaigh a ghoid agus a thrádáil go neamhdhleathach, rud lena mbaineann ardluach.

Interpol

Is é is Interpol ann ná gníomhaireacht atá comhdhéanta de bhallraíocht na n-eagraíochtaí póilíneachta i gcéad is nócha tír ar fud an domhain. Is é príomhfheidhm na gníomhaireachta ná cabhrú le himscrúduithe intíre a théann thar teorainneacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhain an Biúró leas as an ngníomhaíocht sin i roinnt imscrúduithe a rinneadh sa bhliain 2012.

CARIN

Sa bhliain 2002, chomhóstáil an Biúró agus Europol comhdháil i mBaile Átha Cliath in Óstán Chúirt Camden. I measc na rannpháirtithe sa chomhdháil, bhí cleachtóirí fhorfheidhmiú an dlí agus cleachtóirí breithiúnacha.



Ba é cuspóir na comhdhála ná moltaí a chur i láthair a bhain le fáiltais ó choireacht a aithint, a rianú agus a urghabháil. Ba é ceann de na moltaí a tháinig as na ceardlanna ná breithniú a dhéanamh ar líonra neamhfhoirmiúil teagmhálaithe agus ar ghrúpa comhoibríoch sa réimse a bhaineann le sócmhainní coiriúla a aithint agus a aisghabháil a chur ar bun. Cuireadh an Líonra Idirghníomhaireachta um Aisghabháil Sócmhainní Camden (CARIN) ar bun dá bharr.

Is é an aidhm atá le CARIN ná feabhas a chur ar a éifeachtaí a bhíonn iarrachtaí chun brabús aindleathach a bhaint de choirpigh.

Rinneadh Líonra CARIN um Ghníomhaireachtaí Aisghabhála Sócmhainní a sheoladh go hoifigiúil le linn Chomhdháil Bunaithe CARIN sa Háig i mí Mheán Fómhair 2004.

Tá rúnaíocht bhuan CARIN lonnaithe i gceanncheathrú Europol sa Háig. Tá an eagraíocht á rialú ag Coiste Stiúrtha atá comhdhéanta de naonúr ball agus a bhfuil Uachtaránacht rothlach aige. Tá an Biúró fós páirteach sa Choiste Stiúrtha agus beidh sé i mbun Uachtaránacht an choiste sa bhliain 2013. Tá obair leanúnach ar siúl i ndáil leis na gnéithe bainistíochta, pleanála agus lóistíochúla a ghabhann leis an uachtaránacht. Fanfaidh an biúró i mbun na huachtaránachta go dtí an 31 Nollaig 2013.

Le linn na bliana 2012, d'fhreastail an Biúró ar chruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha agus ar an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a tionóladh san Ungáir.

Trína chuid oibre ar CARIN, leanann an Biúró leis an bplé idirnáisiúnta a mhúnlú agus le heolas a thabhairt dó maidir leis na ceistanna uile a bhaineann le sócmhainní a tháinig ó iompar coiriúil a aithint, a urghabháil agus a fhorghéilleadh. Go háirithe, féachann an

Biúró lena chinntiú go fóill go ndéantar orduithe forghéillte atá bunaithe ar neamhchiontú a aithint agus a fhorfheidhmiú in aghaidh maoine atá suite i mballstáit eile.

An caidreamh leis an Ríocht Aontaithe

Tá caidreamh uathúil ag an mBiúró leis na húdaráis sa Ríocht Aontaithe, toisc gurb í an t-aon tír amháin lena gcomhroinnimid teorainn talún agus mar gheall go bhfuil an caidreamh idir an dá dhlínse á forbairt le blianta fada.

An Chomhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann

Tugann an Chomhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann deis do gach gníomhaireacht um fhorfheidhmiú an dlí ar an dá thaobh den teorainn teacht le chéile agus athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhí ar siúl sa bhliain roimhe agus pleanáil a dhéanamh don bhliain atá le teacht. Tugann sí deis freisin eolas agus taithí a mhalartú agus an dea-chleachtas in aon réimse comhoibrithe ar leith a aithint.

Go ginearálta, cruthaíonn coireacht eagraithe thrasnáisiúnta dúshlán d'fhorfheidhmiú an dlí.

Mar gheall ar an teorainn talún, tá deiseanna ann páirt a ghlacadh i mórán gníomhaíochtaí éagsúla - calaois trasteorann a bhaineann le Cárta Bhreisluacha (CBL) agus sciúradh agus

Cuid a hOcht Forbairtí Idirnáisiúnta

smuigleáil breosla ina measc. Tá an cás tar éis éirí níos casta mar gheall ar fhilleadh na ngrúpaí easaontacha le déanaí. Baineann sraith uathúil dúshlán le dronga coireachta eagraithe (OCGanna) a oibríonn trasna na teorann le Tuaisceart Éireann. Ní féidir na dúshlán sin a shárú ach amháin trí chomhiarrachtaí an lucht forfheidhmiú dlí ar an dá thaobh den teorainn.

An Grúpa um Breosla Trasteorann

Bunaíodh an Grúpa um Breosla Trasteorann sa bhliain 2008 chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí na ndaoine siúd a ghlacann páirt i smuigleáil, i sciúradh agus i ndáileadh breosla trasteorann. Is iad seo a leanas na torthaí a bhíonn ar ghníomhaíocht choiriúil den sórt sin: baintear airgead den státchiste, déantar dochar don trádáil dhlísteanach, cruthaítear dúshlán do thiománaithe a bhaineann úsáid de thaisme as an mbreosla sin ina gcuid feithiclí agus déantar dochar don chomhshaoil mar gheall ar an sloda a thagann as an mbreosla, sloda ar seachtháirge é a bhaineann leis an bpróiseas sciúrtha agus a dhumpáiltear nó a chuirtear faoin talamh thall agus abhus é de ghnáth, rud a éillíonn córais talún agus uisce.

Ceapann an Biúró straitéisí chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí na ndaoine lena mbaineann in éineacht leis na grúpaí seo a leanas: Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim, an Garda Síochána, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Coimisinéirí Ioncaim agus Custaim na Banríona (HMRC), an Gníomhaireacht um Choireacht

Eagraithe Thromchúiseach (SOCA), Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI), Gníomhaireacht Teorann na Ríochta Aontaithe (UKBA) agus Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann. Déantar oibríochtaí trasteorann idirnáisiúnta a phleanáil agus a fhorghníomhú in aghaidh spriocanna roghnaithe agus baintear leas as lánchumhachtaí na ngníomhaireachtaí go léir ina leith sin.

Sa bhliain 2012, seirbheáladh measúnuithe máil arbh fhiú níos mó ná €3.5 milliún iad orthu siúd a ndíríodh orthu in oibríochtaí trasteorann idirnáisiúnta den sórt sin.

An Grúpa um Mál Trasteorann

Leanann Dronga Coireachta Eagraithe Trasteorann le tairbhe a bhaint as an difríocht praghaís atá ar tháirgí tobac i ndlínsí éagsúla. Fadhb shuntasach go fóill is ea smuigleáil toitíní agus tobac atá contrabhannach agus góchumtha.

Braitheadh treochtaí nua sa dóigh a n-oibríonn na mórdhronga coireachta eagraithe. Fóram ar ar féidir le gníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí ar an dá thaobh den teorainn a gcuid straitéisí a phleanáil agus a chur i bhfeidhm is ea an Grúpa um Mál Trasteorann a cuireadh ar bun sa bhliain 2010.

Oibríonn an Biúró leis na daoine seo a leanas ar an bhfóram – Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim, PSNI,

SOCA, HMRC agus UKBA. Mar thoradh ar obair an fhórait sin, tá daoine agus grúpaí á n-imscrúdú de bhun shainchúram reachtúil an Bhiúró.

Leanann rath an Bhiúró le haird idirnáisiúnta a tharraingt. Le linn na bliana 2012, d'éascaigh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla cuairteanna ó thoscaireachtaí eachracha maidir le raon disciplíní éagsúla a bhain le cúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

A bhuí lenár rannpháirtíocht leanúnach ar an ardán idirnáisiúnta, is féidir linn cur leis an bhfreagairt idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí, agus eolas a thabhairt don fhreagairt, don bhagairt leanúnach a bhaineann le gníomhaíocht choiriúil eagraithe trasnáisiúnta agus, go háirithe, is féidir linn leas a bhaint as ár gcuid taithí, atá bunaithe ar shainchúram an Bhiúró, chun tairbhe dár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta.

I measc na gcuariteoirí a bhí againn le linn na bliana 2012, bhí Póilíní na Breataine Bige Thuaidh agus Póilíní Feidearálacha na hAstráile. Sa ghnáthchúrsa gnó, faighimid cuairteanna rialta ó ghníomhaireachtaí éagsúla ón Ríocht Aontaithe, ón Eoraip agus ó na Stáit Aontaithe.

Cuid a hOcht
Forbairtí Idirnáisiúnta

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó]

Cuid a Naoi

Conclúidí

Le linn na bliana 2012, lean an Biúró de bheith ag féachaint leis an sainchúram reachtúil atá air a chomhlíonadh agus de bheith ag díriú ar fháltais ó iompar coiriúil, agus leas á bhaint as forálacha na reachtaíochta um Fháltais ó Choireacht, as forálacha na reachtaíochta loncaim agus as forálacha na reachtaíochta Leasa Shóisialaigh, de réir mar ba chúil. Rinneadh na forálacha lena dtugtar cumhacht don Bhiúró leas a bhaint as an gcur chuige ilghníomhaireachta ildisciplíneach sin a agairt go hiomlán ina leith sin.

Lean an Biúró de bheith ag díriú ar shócmhainní a tháinig ó chineálacha éagsúla iompair amhrasta choiriúil, lena n-áirítear gáinneáil drugaí, calaois, gadaíocht, sciúradh agus smuigleáil breosla agus trádáil neamhdhleathach tobac. Dhírigh an Biúró ar roinnt sócmhainní éagsúla, lena n-áirítear airgead, cistí i gcuntais bhainc, maoin (lena n-áirítear tithe cónaithe, tráchtála agus saoire), mótarfheithicilí, seodra agus héileacaptar. De bharr himscrúduithe a rinne an Biúró agus de thoradh na n-imeachtaí a tháinig as na himscrúduithe sin, cuireadh níos mó ná €4.8 milliún ar aghaidh chuig an státchiste faoin reachtaíocht um Fháltais ó Choireacht, bailíodh cánacha arbh fhiú níos mó ná €1.9 milliún iad agus aisghabhadh ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh arbh fhiú níos mó ná €393,797 iad.

Ar bhonn idirnáisiúnta, lean an Biúró le dul i mbun teagmhála agus, nuair ba chúil, le himscrúduithe a dhéanamh le húdaráis um fhorfheidhmiú an dlí agus le húdaráis

bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus an domhain agus iad ag díriú ar shócmhainní a tháinig ó iompar amhrasta coiriúil.

Lean an Biúró le forbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh atá aige le Interpol, le Europol agus le CARIN agus lean sé de bheith ina Oifig Aisghabhála Sócmhainní ainmnithe d'Éirinn. Lean an Biúró de bheith ag obair ar Choiste Stiúrtha CARIN agus bhí sé le dul i mbun na hUachtaránachta ar CARIN le linn na bliana 2013.

Tá tionchar á imirt go fóill ag an gcor chun donais eacnamaíoch, faoi mar atáthar ag déanamh trácht air ó 2010 ar aghaidh.

Leanann an Biúró ar aghaidh le straitéisí a fhorbairt lena chinntiú, nuair is féidir, go ndírítear ar shócmhainní, i gcomhar le hinstiúidí airgeadais nuair is cuí, ionas go ndéantar na tairbhí a ghabhann le sócmhainní nó le gnóthachan a thagann ó iompar coiriúil a bhaint de choirpigh amhrasta.

Faoi mar a sonraíodh i dtuarascálacha roimhe seo, níor ionadaíodh duine de na hAturnaetha a sannadh d'Aonad an Phríomh-Aturnae Stáit go fóill. Mar thoradh air sin, tá riaráiste oibre ann agus laghdaíodh an líon cásanna nua a bhféadfaí tús a chur leo le linn na bliana. Réitigh an Biúró, i gcomhairle leis an bPríomh-Aturnae Stáit, plean gnó roimhe sin ina bhféachtar le foireann ionaid a fháil chun dul i ngleic leis an riaráiste sin

Cuid a Naoi

Conclúidí

agus chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht an Bhiúró.

Agus é ag féachaint lena chuid cuspóirí a bhaint amach, leanann an Biúró ar aghaidh le dul i ndlúth-theagmháil leis an nGarda Síochána, leis na Coimisinéirí Ioncaim, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar mhaithe le straitéis chomhtháite a fhorbairt trína ndíreofar ar na sócmhainní agus ar an mbrabús a thagann ó iompar coiriúil. Meastar gur uirlis éifeachtach í an straitéis sin sa chomhrac foriomlán in aghaidh coireacht eagraithe.

Le linn na bliana 2012, cuireadh suim iomlán €7,215,912 ar aghaidh chuig an bPríomh-Chiste de thoradh ghníomhartha an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Aguisín 1

Cuspóirí agus feidhmeanna

Cuspóirí an Bhiúró: Alt 4 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

4.—Faoi réir fhorálacha an Achta seo, is iad seo na cuspóirí a bheidh ag an mBiúró —

(a) sócmhainní a aithint, cibé áit a bhfuil siad, a bhaineann le daoine, a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil,

(b) beart iomchuí a ghlacadh faoin dlí leis na sócmhainní sin, ina n-íomláine, nó i bpáirt, mar a d'fhéadfadh a bheith iomchuí, a choimeád ó na daoine sin nó a dhiúltú orthu, agus

(c) tabhairt faoi aon imscrúdú nó aon réamhobair eile i dtaca le himeachtaí ar bith a éiríonn ó na cuspóirí a luaitear in ailt (a) agus (b).

Feidhmeanna an Bhiúró: Alt 5 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

5.—(1) Gan dochar d'fhairsinge Alt 4, is iad na feidhmeanna a bheidh ag an mBiúró, ag oibriú trína n-oifigigh, ná gach beart riachtanach a dhéanamh —

(a) de réir fheidhmeanna an Gharda Síochána, chun críocha, coigistiú, srianadh, úsáide, calcadh, caomhnú nó urghabháil sócmhainní a aithnítear mar shócmhainní a thagann nó a

mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil,

(b) faoi na hAchtanna loncaim nó aon fhoráil d'aon achtú eile, cibé acu ar achtaíodh é roimh nó tar éis achtú an Achta seo, a bhaineann le hioncam, le cinntiú go dtagann fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil amhrasta faoi réir cánach agus go gcuirtear na hAchtanna loncaim, nuair is iomchuí, i bhfeidhm go hiomlán ar fháltais nó ar ghníomhaíochtaí mar iad, de réir mar a bheidh,

(c) faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh le haghaidh imscrúdú agus cinneadh, de réir mar is iomchuí, aon éilimh ar nó i dtaca le sochar (laistigh de bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993) ag duine ar bith atá bainteach le gníomhaíocht choiriúil, agus

(d) ar iarraidh an Aire Leasa Shóisialaigh, imscrúdú nó cinneadh a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar aon éileamh ar nó i dtaca le sochar, laistigh de bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, nuair a dheimhníonn an tAire Leasa Shóisialaigh go bhfuil forais réasúnta ann a chreidiúint i gcás imscrúdú ar leith, go bhféadfadh oifigigh an Aire Leasa Shóisialaigh a bheith faoi réir bagairtí nó foirmeacha eile imeaglaithe,

Aguisín 1

Cuspóirí agus feidhmeanna

agus áirítear ar bhearta den sórt sin, de réir mar is iomchuí, faoi réir aon chomhaontú idirnáisiúnta, comhoibriú le haon fhórsa póilíní, nó aon údarás, ar údarás aisghabhála fáltais ó choireacht, cánach nó slándáil shóisialta é, in aon chríocha nó stát seachas an Stát.

(2) I dtaca le gnéithe a dtagraítear dóibh i bhfo-alt (1), ní fhorléireofar rud ar bith san Acht seo mar ghné a théann i gcion nó a shrianann ar bhealach ar bith —

(a) cumhachtaí nó dualgais an Gharda Síochána, na gCoimisinéirí Ioncaim nó an Aire Leasa Shóisialaigh, nó

(b) feidhmeanna an Ard-Aighne, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nó an Phríomh-Aturnae Stáit.

[illegible]

**An Biúro um Shócmhainní Coiriúla
Cearnóg Fhearchair
Baile Atha Cliath 2
Éire**